

# Luath-Óige in Éirinn

Fianaise agus Peirspictíochtaí

Curtha in eagar ag Jacqueline Fallon

---

## **CLÁR**

### **ACRAINMNEACHA**

<b>ROINN 1: RÉAMHRÁ</b>	<b>1</b>
<b>ROINN 2: PEIRSPICTÍOCHTAÍ STAIRIÚLA AGUS CULTÚIR</b>	<b>4</b>
2.1 Réamhrá	4
2.2 Ag féachaint siar ar an Óige	4
2.3 Teaghlaigh ag athrú agus an saol ag athrú	5
2.4 Cearta Leanaí	6
2.5 Cúram agus oideachas	7
2.6 Comhthéacs curaclaim	8
2.7 Forbairtí sa soláthar	9
2.8 An Éagsúlacht	10
2.9 Teanga	12
2.10 Spraoid	13
2.11 An Chonclúid	13
2.12 Impleachtaí don CNC/COLO	13
<b>ROINN 3: PEIRSPICTÍOCHT THÉAMÚIL MAIDIR LE FOGHLAIM AGUS FORBAIRT AN LINBH</b>	<b>15</b>
3.1 Réamhrá	15
3.2 Foghlaim agus forbairt leanbhlárnach	15
3.3 Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch	17
3.4 Timpeallachtaí foghlama agus forbartha	18
3.5 Caidrimh i bhfoghlaim agus i bhforbairt	20
3.6 Éagsúlacht i bhfoghlaim agus i bhforbairt	22
3.7 Cumarsáid i bhfoghlaim agus i bhforbairt	24
3.8 Spraoid i gcomhar foghlama agus forbartha	25
3.9 Conclúid	27
<b>ROINN 4: AN CHONCLÚID</b>	<b>28</b>
<b>TAGAIRTÍ</b>	<b>30</b>
<b>LEABHARLIOSTA</b>	<b>32</b>

### ***Acrainmneacha***

BCCN: Líonra Cúraim Leanaí Chontaetha na Teorann

CCC: Coistí Cúraim Leanaí na gCathracha agus na gContaetha

CECDE: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

CNC/COLO: Creatlach Náisiúnta Cáilíochta do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

DES: A Roinn Oideachais agus Eolaíochta

DHC: An Roinn Sláinte agus Leanaí

DIT: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

DoE: An Roinn Oideachais

DSCFA: An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh

COLO: Cúram agus Oideachas Luath-Óige

ECEA: Gníomhaireacht Oideachais do Leanaí Óga

EEC: Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa

EOCP: Clár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí

HSCL: Idirchaidreamh Baile/Scoile/Pobail

NAPS: An Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta

NCCA: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

NCCC: Coiste Náisiúnta Comhordaithe Chúram Leanaí

NCO: An Oifig Náisiúnta Leanaí

NVCC: Comheagras Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí

NVCO : Eagrais Náisiúnta Dheonacha um Chúram Leanaí

OECD: An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

PCSP: Clár Tacaíochta um Churaclam Bunscoile

SDPS: Seirbhís Pleanála Forbartha Scoile

UN: Na Náisiúin Aontaithe

UNCRC: Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

UNESCO: Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Cultúir na Náisiún Aontaithe

---



# Roinn 1

## Réamhrá

Tá an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (An Lárionad) an-sásta an páipéar seo a fhoilsiú, Luath-Óige in Éirinn - Fianaise agus Peirspictíochtaí. Is í an cháipéis seo an ceann deiridh den cheithre philéar taighde a chur an Lárionad i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige (CNC/COLO). Cuimsíonn sí an pheirspictíocht óna bhfuil leas an linbh a chur san áireamh san CNC/COLO. Táthar ag súil chomh maith go dtabharfaidh sí acmhainn úsáideach d'earnáil an COLO agus bonn do dhíospóireacht mhaith. Pléann sé go maith leis an Straitéis Náisiúnta Leanaí, Our Children, Their Lives (DHC, 2000) agus I dTreo Creata don Luathfhoghlaim (NCCA, 2004). Rachaidh forbairt na tuairime céanna i measc gníomhaireachtaí tábhachtacha atá

freagrach as leanaí óga chun sochair do chomhordú agus do chomhtháthú an COLO amach anseo in Éirinn.

### 1.1 An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (An Lárionad)

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Lárionad i nDeireadh Fómhair 2002 chun forbairt agus comhordú a dhéanamh ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLO) in Éirinn de bhun na gcuspóirí a leagadh amach sa Pháipéar Bán maidir le hOideachas Luath-Óige 'Ready to Learn' (DES, 1999a). Déanann Coláiste Phádraig agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an Lárionad a bhainistiú le chéile. Clúdaíonn dualgas oibre an

Lárionaid gach suíomh do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois, ag tabhairt airde ar leith ar riachtanais na leanaí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus leanaí le riachtanais speisialta. Nascann sé an scoilt a bhíonn ann go hiondúil idir cúram agus oideachas agus timpeallachtaí leanaí agus an córas foirmiúil scoile. Sa chomhthéacs seo, tá trí phríomhchuspóir ag an Lárionad:

1. An príomhthionscadal atá ag an Lárionad ná an CNC/COLO a fhorbairt, chun cáilíochtaí ar ardchaighdeán do thimpeallachtaí luath-óige a leagan síos. Chomh maith le cáilíocht a shainmhíniú, molfaidh an creat meicníochtaí cuí tacaíochta dóibh siúd ag obair san COLO in Éirinn. Cuirfear córas measúnachta agus meastóireachta le chéile chun a chinntiú go mbainfear cáilíochtaí ar ardchaighdeán amach agus go gcoinneofar iad. Is iad na trí ghné seo, cáilíocht a shainmhíniú, a mheas agus a thacú, a mhunlaíonn struchtúr an CNC/COLO.
2. Idirghabhálacha spriocdhírthe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i réimsí riachtanais speisialta agus míbhuntáiste maidir le leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois. Faoi láthair, tá trí thionscadal idirghabhála spriocdhírthe den sórt sin ar bun faoi chúram an Lárionaid.
3. Ar deireadh, caithfidh an Lárionad an réamhobair a dhéanamh chun Gníomhaireacht Oideachais do Leanaí Óga (ECEA) a bhunú de réir mar atá leagtha amach sa Pháipéar Bán maidir le hOideachas Luath-Óige, *Ready to Learn* (DES, 1999a).

## 1.2 Luath-Óige in Éirinn - Fianaise agus Peirspictíochtaí

D'fhéadfadh an t-eolas méadaithe faoin óige agus faoi fhorbairt agus foghlaim luath-óige cur go mór leis an tuiscint ar nádúr na cáilíochta sa COLO. An príomhaidhm atá leis an gcáipéis seo ná cur leis an CNC/COLO in Éirinn. Tugann Clár Oibre an Lárionaid (An Lárionad, 2001) agus Straitéis Taighde an Lárionaid (2003) tús áite d'ullmhú creata coincheapúil a phléann foghlaim agus forbairt leanaí ó bhreith go sé bliana;

*It is envisaged that the first action relating to the development of quality*

*standards will involve setting out a conceptual framework describing how children (from 0 to 6 years) develop and learn. (CECDE, 2001:2)*

### 1.2.1 Review Document

Ar dtús, choimisiúnaigh an Lárionad athbhreithniú litríochta ar na cúig réimse forbartha (fisiciúil, socheacnamaíoch, cognaíoch, morálta agus spioradálta)<sup>1</sup> san aoisghrúpa ó bhreith go sé bliana d'aois. Bhí athbhreithniú mór leathan mar thoradh air seo a mbeadh suim ag mic léinn, taighdeoirí, cleachtóirí agus eile ann le béim ar fhorbairt an linbh óig. Cuireadh leis an bpáipéar seo trí dhá chuid nua a rinne foireann an Lárionaid taighde orthu. Rinne an chéad cheann acu seo athbhreithniú ar chomhthéacs stairiúil agus cultúir an COLO in Éirinn ó dheireadh an naoú haoise déag go dtí thart ar 1990. Pléann an dara cuid le peirspictíochtaí reatha na hÉireann ar an COLO ó 1990 go dtí anois. Tá an cháipéis a bhí ann dá bharr, ar a dtugtar an *Review Document* mar bhunús leis an bpáipéar seo. Ní fhoilseofar an *Review Document*, ach beidh sí ar fáil ar iarratas ón Lárionad.

Nuair a bhí an *Review Document* críochnaithe, d'úsáid an Lárionad í ar roinnt bealaí. Den chuid is mó, chabhraigh sé leis an CNC/COLO a fhorbairt agus, chomh maith leis sin, thug sé bunús fianaise don pháipéar díospóireachta seo ón Lárionad ar luath-óige in Éirinn. Tá an fhianaise comhdhlúite chun críche an pháipéir seo chun luachanna an CNC/COLO a léiriú. Sa chomhthéacs seo, níor cuireadh tagairtí isteach ar fud na cáipéise seo. Mar sin féin, tá leabharliosta tofa curtha isteach mar Aguisín de litríocht a foilsíodh ó 1990 anonn. Ní chuimsíonn sé seo iomláine na litríochta a mbaineadh feidhm as agus an *Review Document* á chumadh.

### 1.2.2 Téarmaíocht

Mar gheall ar an tírdhreach a bheith ag forbairt chomh sciobtha in Éirinn, níor réitíodh go leor saincheisteanna maidir le téarmaíocht fós. Tarlaíonn sé sa téacs go n-úsáidtear téarmaí mar achoimre ar réimse

<sup>1</sup> Ba mhaith leis an Lárionad aitheantas a thabhairt d'obair Suzanne Clendenning agus an Roinn Eolaíochta, Ollscoil na Banríona Béal Feirste, ar son a gcuid oibre in ullmhú an athbhreithnithe litríochta

leathan téarmaíochta a úsáidtear faoi láthair. Mar shampla, úsáideann daoine a oibríonn le leanaí óga réimse leathan téarmaí agus teidil thuairisciúla. Mar gheall ar an réimse leathan daoine a oibríonn le leanaí óga agus mar gheall freisin ar dhaoine cosúil le tuismitheoirí, seantuismitheoirí, teaghlaigh agus cairde, tagraítear dóibh ar fad mar dhaoine fásta nó daoine fásta suntasacha. Níl aon rud faoi leith faoin téarma seachas tagairt a dhéanamh don duine fásta atá ag tacú leis an leanbh tráth ar bith, áit ar bith.

Ar an gcaoi chéanna, tá díospóireacht leanúnach maidir leis an gcaidreamh idir coincheapa na foghlama agus na forbartha. Chun críche na cáipéise seo, úsáidtear ‘foghlaim agus forbairt’ agus ‘forbairt agus foghlaim’ in ionad a chéile. Mar gheall go bhfuil sé tábhachtach teanga shoiléir a úsáid, beidh gluais ag an CNC/COLO agus an chiall a théann leis na téarmaí sin.

### 1.3 Struchtúr na cáipéise

**Roinn 2** – Pléann Peirspictíochtaí Cultúir agus Stairiúla le saincheisteanna sonracha atá faoi réir, a bheag nó a mhór, díospóireacht atá taobh istigh d’earnáil an COLO agus taobh amuigh de faoi láthair. Déanann sé tagairt ó *Section 1: Historical and Cultural Context of Early Childhood Care and Education in Ireland 1890 – 1990* agus *Section 2: Current Perspectives on Early Childhood Care and Education in Ireland* ón *Review Document*. Níl teora leis an díospóireacht agus ní fhreagraíonn sí gach saincheist a chuirtear sa *Review Document*. Ina ionad, léiríonn sí an comhthéacs inar fhorbair luath-óige in Éirinn le céad bliain anuas nó mar sin.

**Roinn 3** – Léiríonn Peirspictíocht Téamach ar an Leanbh ag Foghlaim agus ag Forbairt

an díospóireacht ar fhorbairt agus foghlaim an linbh. Arís, tá an díospóireacht seo bunaithe go láidir ar fhianaise agus ar thaighde sa *Review Document*. Rinneadh na hailt sa *Review Document* maidir le forbairt agus foghlaim an linbh a anailísiú chun na príomhphointí a bhaineann leis na cúig réimse forbartha a shainaithint. Mar gheall ar an tuairim atá againn go bhfuil gach foghlaim agus forbairt idirnasctha agus idirspiléach, cinneadh an fhaisnéis a chur i láthair go téamúil. Sainaithníodh na téamaí seo a leanas trí anailís théacsach:

- 1 Foghlaim agus forbairt leanbhlánach;
- 1 Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch;
- 1 Timpeallachtaí foghlama agus forbartha;
- 1 Caidrimh i bhfoghlaim agus i bhforbairt;
- 1 Éagsúlacht i bhfoghlaim agus i bhforbairt;
- 1 Cumarsáid i bhfoghlaim agus i bhforbairt;
- 1 Spraoi i bhfoghlaim agus i bhforbairt.

Ní haon ordlathas atá i gceist leis an ord seo agus tá na téamaí idirnasctha. Caithfear iad a chur le chéile chun iad a thuiscint i gceart. Críochnaíonn gach téama le roinnt impleachtaí maidir le forbairt an CNC/COLO, i ndáil le cáilíocht a shainmhíniú, a mheas agus a thacú.

**Roinn 4** – Achoimre atá anseo ar an gcáipéis agus an aidhm atá léi, agus léirítear na chéad chéimeanna eile d’fhorbairt an CNC/COLO.

Aithníonn an Lárionad go bhfuil taighde agus díospóireacht ar luath-óige ag forbairt i gcónaí, agus cuireann sé an cháipéis seo i láthair sa chomhthéacs sin.

## Roinn 2



### Peirspictíochtaí Stairiúla agus Cultúir

#### 2.1 Réamhrá

Múnlaítear an óige ann thar thréimhse áirithe agus i gcomhthéacs cultúir áirithe. Tugann tuiscint ar na bealaí ar baineadh tuiscint ar an luath-óige in Éirinn san am a caitheadh fráma tagartha don anailís atá ar bun againn faoi láthair. Tá neart faisnéise le fáil sa *Review Document* ar an gcomhthéacs inar athraigh an óige le céad bliain anuas nó mar sin. Mar gheall air seo, déantar roinnt saincheistanna atá á bplé faoi láthair a phlé sa chaibidil seo. Áirítear leo seo, i measc nithe eile, stair na gcuaraclam náisiúnta do leanaí óga in Éirinn, na hathruithe sa teaghlach le himeacht aimsire agus an tionchar ag éagsúlacht ag dul i méid ar ár sochaí. Níl teora leis an díospóireacht, ach déanann sí iarracht nádúr na luath-óige, atá ag athrú, a léiriú chomh maith le dinimic na

hidirghníomhaíochta idir an luath-óige agus coinníollacha soch-chultúrtha níos mó le céad bliain anuas in Éirinn. Meabhraíonn sé dúinn go gcaithfidh leanaí déileáil leis na dinimicí seo gan léargas chomh mór acu is atá againne. Meabhraíonn sé dúinn chomh maith go bhfuil freagracht orainn le chéile seasamh láidir a thabhairt do leanaí agus an oiread sin athraithe ag tarlú.

#### 2.2 Ag féachaint siar ar an Óige

Tá sé mar sprioc náisiúnta ag an Straitéis Náisiúnta Leanaí (An Roinn Sláinte agus Leanaí [DHC], 2000:18);

*Tuigfear saol leanaí níos fearr;  
bainfidh a saol tairbhe as  
meastóireacht, taighde agus eolas*

*faoina gcuid riachtanas, a gcuid cearta agus as éifeachtacht seirbhísí.*

Is cinnte gur beag atá ar eolas faoi saol leanaí in Éirinn san am atá caite. Le blianta beaga anuas, tá leabhair tagtha amach, agus is brónach an rud gur saol éagóireach a bhíonn san íomhá de leanaí. Is cosúil gur téama leanúnach a bhí sa téama seo sa chéad seo caite. Gan dabht, ní mar seo a bhí an scéal do go leor gasúr agus tá staidéir agus dialanna ann chun é seo a chruthú. Go ginearálta, mar gheall ar an méid atá scríofa in Éirinn, tá an litríocht ar shaol na leanaí gann.

D'fhéadfadh an tuairim a bheith ag daoine go raibh coinníollacha ann inar tharla éagóir. Ceann de na coinníollacha sin, b'fhéidir, ná nach raibh na leanaí le feiceáil, sa teaghlach ná in institiúidí. Chuir an creat reachtaíochta agus bunreacht a bhain le leanaí leis an scéal seo agus déanfar cur síos air sin sa chuid ar chearta leanaí. Ní féidir le leanaí, den chuid is mó, iad féin a dhéanamh feiceálach sa tsochaí mar a dhéanann grúpaí saoránacha eile. Dá bhrí sin, tá an dualgas ar an tsochaí saorántacht an linbh a aithint agus a onórú.

Tá roinnt taighde sa Straitéis Náisiúnta Leanaí (DHC, 2000) ar shaol leanaí a dhíreoidh ar an bhfeasacht ar shaol leanaí. Ár ndóigh, is éasca a rá anois go bhfuil easpa tuairimí na leanaí féin ann le céad bliain anuas. Tá an tuairim seo ag teacht chun cinn anseo le blianta beaga anuas, agus glactar leis anois gur chóir tuairim an linbh féin ar cheisteanna a bhaineann leis a bheith mar chuid de na forbairtí amach anseo<sup>2</sup>.

### **2.3 Teaghlaigh ag athrú agus an saol ag athrú**

Tá saol gach teaghlach éagsúil, ag brath ar an taithí éagsúil a bhíonn acu. É sin ráite, is beag eolais atá ar fáil ar an gcaidreamh i dteaghlaigh le céad bliain anuas. Tá roinnt bheag staidéir antraipeolaíocha, a rinne taighdeoirí idirnáisiúnta ó am go ham, agus roinnt dialann. Cé go dtugann siad seo léargas luachmhar, ní thugann siad pictiúr cuimsitheach agus caithfear breathnú orthu go cúramach.

<sup>2</sup> Úsáidfear na forainmneacha fireanna agus bainneana i gcaibidlí ailtéarnacha.

#### **2.3.1 Comhthéacs stairiúil**

Tá na timpeallachtaí ina maireann, ina bhfásann agus ina mbíonn leanaí óga ag spraoi iontu athraithe go mór le céad bliain anuas. Don chuid is mó den bhfichiú haois, tugadh aire do leanaí óga sa bhaile agus cuireadh ag an scoil iad i ndiaidh trí bliana d'aois a bheith bainte amach acu. Don chuid is mó den am sin, bhí sochaí na hÉireann bunaithe ar an talamh agus bhí na leanaí ag obair ar an bhfeirm; obair a raibh luach eacnamaíoch ag baint léi don teaghlach. Bhí na teaghlaigh a dhá oiread chomh mór ar an meán i gcomparáid leo siúd sa chuid eile den Eoraip don chuid is mó den chéad. Mhair leanaí i dteaghlaigh ina raibh daoine ón teaghlach leathnaithe go minic. Bhí imirce forleathan ann agus d'fhás go leor leanaí suas agus fios acu go n-imeoidis agus nach mbeidís ag filleadh. Bhí caidreamh comhchabhrach idir an Eaglais Chaitliceach agus an Stát i ndáil le go leor gnéithe de shaol na hÉireann, oideachas san áireamh, i ndiaidh neamhspleáchas a bhaint amach. Is cosúil go raibh tionchar mór ag an Eaglais, go háirithe, ar shaol an teaghlaigh, rud a chruthaíonn Bunreacht 1937.

Thosaigh athruithe ag tarlú sna 1950idí nuair a thosaigh tionchar an tionsclicháin agus uirbiúcháin. Thart ar an am seo freisin, thosaigh an méid leanaí sa teaghlach ag laghdú. Ní go dtí na 1970idí a thosaigh go leor ban ag dul isteach – agus ag fanacht – sa lucht oibre le pá. Cuid den chúis a bhí leis seo ná nach raibh cosc ar mhná pósta sa státseirbhís níos mó agus thosaigh gluaiseacht i dtreo pá agus cearta níos fearr do mhná mar a bhí ag na fir cheana nuair a chuaigh Éire isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Bhí gá ag roinnt teaghlach ansin le cúram taobh amuigh den bhaile a fháil do na leanaí.

#### **2.3.2 Taithí chomhaimseartha**

Mar gheall ar na hathruithe i bpatrúin teaghlaigh, tá níos mó leanaí anois ina gcónaí i dteaghlaigh beaga, teaghlaigh aontuismitheora nó teaghlaigh scartha. Tá treochtaí tuismitheoirí an-éagsúil anois ag leanaí óga i dteaghlaigh sa lá atá inniu ann, b'fhéidir mar gheall go bhfuil páirt níos mó ag na haithreacha anois chomh maith leis na máithreacha. Roimhe seo, dhírigh



tuismitheoirí ar dhea-bhraistint fhisiciúil a gcuid leanaí, ach anois tá siad ag díriú níos mó ar fhorbairt iomlánaíoch na leanaí, lena n-áirítear forbairt chognaíoch, mhothaíoch agus shóisialta. Léiríonn forleithne an taighde ar fhorbairt leanaí i bhformáid éasca le teacht air, cosúil le cláir theilifíse agus leabhair féinchabhracha ar fhorbairt leanaí agus tuismitheoireacht, go bhfuil suim ag an daonra sa cheist. Léiríonn próifíl sna meáin maidir le forbairt leanaí feasacht níos fearr ag tuismitheoirí ar an tábhacht atá leis an gcéim seo dá saol, agus an tábhacht atá le tacú le forbairt optamúil na leanaí. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú freisin go gcuirfeadh na meáin brú ar thuismitheoirí má deir siad go bhfuil tuismitheoireacht casta agus achrannach, agus é an-éasca botúin a dhéanamh agus é an-deacair déanamh go maith. I ndáiríre, bíonn an ceart ag tuismitheoirí i gcásanna an-chrua.

### 2.3.3 Tionchar an athraithe shocheacnamaíoch

Cé go bhfuil tuiscint níos fearr ar riachtanais iomlánaíocha leanaí, níl dóthain acmhainní ann, go háirithe am, sna teaghlaigh ná sna pobail chun iad a chomhlíonadh. Níl go leor gnéithe den chomhthéacs socheacnamaíoch, lena n-áirítear an chothromaíocht idir obair agus obair/saol a eagrú, oiriúnach do leanaí. Tá praghas tithe ardaithe go leor agus dá bharr sin tá sé deacair teach a cheannach i lár cathracha cosúil le Baile Átha Cliath, rud a bhfágann go mbíonn ar go leor daoine, go háirithe lánúin óga, bogadh go contae eile. Níl na bóithre ná an t-iarnród in ann déileáil leis an éileamh nua seo agus caithfidh go leor daoine uaireanta ag taisteal. Mar gheall ar bhrú agus tuirse tuismitheoirí de bharr taistil agus oibre tá brú ar chaighdeán maireachtála leanaí ina dteaghlaigh féin.

Tá sé íorónach ar bhealach, cé go bhfuil taithí ag leanaí ar níos mó timpeallachtaí anois ó lá go lá ná mar a bhí tríocha bliain ó shin, is gá anois fáil leanaí, go háirithe ar an timpeallacht taobh amuigh, a phleanáil. Mar gheall ar imní tuismitheoirí agus dhaoine fásta do shábháilteacht agus slándáil leanaí tá an réimse áiteanna a bhféadfaidh leanaí spraoi iontu laghdaithe go mór, go háirithe i gceantair uirbeacha. Mar gheall ar thrácht, spás spraoi á fhorbairt agus imní faoi leanaí a bheith scaoilte gan daoine fásta ag tabhairt

aire dóibh, ní bhíonn an oiread saoirse ag leanaí. Chomh maith leis sin, breathnaíonn sé go bhfuil leanaí ag caitheamh níos mó agus níos mó ama os comhair an ríomhaire agus an teilifís agus tá dochar anseo don tsláinte, ní bhíonn an oiread spraoi taobh amuigh, ní bhíonn siad gníomhach agus bíonn siad ramhar. Táthar ag súil go méadóidh cur i bhfeidhm an Bheartais Spraoi Náisiúnta (Oifig Náisiúnta Leanaí [NCO] 2004) na deiseanna spraoi ar bhealaí a thiofadh le tuismitheoirí agus cúramóirí a bheith compordach, agus ar bhealach a mheallfaidh leanaí.

### 2.3.4 Fostaíocht agus cúram leanaí

Cé go raibh dífhostaíocht forleathan ar feadh formhór na 1980idí, tá leibhéal ard fostaíochta in Éirinn le deich mbliana anuas nó mar sin. Bhí éifeacht ag an bhfás ar fhostaíocht agus an éileamh ar obair, mar aon le gá le dhá ioncam sa teaghlach chun costas an tí a íoc, ar mhná ag dul isteach sa lucht oibre. Tá go leor máithreacha i bhfostaíocht in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile. Mar gheall go bhfuil saoire máithreachais sách gearr, tá níos mó de mháithreacha leanaí óga na hÉireann i bhfostaíocht ná i dtíortha eile de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). Is é an toradh is mó air seo ná go bhfuil níos mó leanaí ag fáil cúraim anois taobh amuigh den bhaile ná riamh roimhe seo, d'ainneoin ganntanais ar an gcúram. Tháinig méadú ar an soláthar san earnáil phríobháideach tráchtála agus tá an costas ar thuismitheoirí ar an gcostas is daoire san Eoraip. Ní úsáideann céatadán an-mhór de mháithreacha atá ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha aon chúram íochta, rud a léiríonn go mbraitear go mór ar chúram teaghlaigh nó cairde. Is beag eolais atá ar nádúr agus caighdeán na gcineálacha éagsúla de chúram leanaí agus soláthar réamhscoile do leanaí taobh amuigh den teach atá ar fáil.

## 2.4 Cearta leanaí

Díospóireacht a bhfuil dlús tagtha fúithi in Éirinn le gairid ná cearta leanaí. Rinne an Lárionad athbhreithniú ar an scéal agus fuair sé amach nach raibh aon díospóireacht oiriúnach ar chearta leanaí roimh na 1970dí.

### 2.4.1 Comhthéacs reachtúil

Mar sin féin, is féidir comhthéacs na reachtaíochta a leanúint siar go dtí an Children's Act 1908 (Hayes, 2002:39), a bhí mar phríomhreachtaíocht na leanaí in Éirinn ar feadh formhór an chéid. In Acht 1908, measadh go raibh ceart ag a leanbh cúram agus cosaint a fháil, ach ní raibh cead saoirse acu de réir an dlí. Cuireadh leis an tuairim áirithe seo, ina n-éilíonn leanaí cúram agus cosaint ar an Stát ach ní a gcearta mar shaoránaigh aonair, in Airteagail 41 agus 42.5 de Bhunreacht 1937 (Rialtas na hÉireann, 1937). Is mar seo atá seasamh an Stáit i gcónaí maidir le leanaí an lae inniu, d'ainneoin leasú an Rialtais i 1992 ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) (NA, 1989). Diríonn an Stáit ina sholáthar do leanaí taobh amuigh den bhunscoil, den chuid is mó, ar leanaí i riosca an mhíbhuntáiste nó eile agus ar leanaí le riachtanais speisialta mar gheall ar mhíchumas. Mar gheall ar an bhfuadar atá ag teacht faoin leanbh mar shaoránach aonair, le cearta mar a bheadh ag saoránach, d'fhéadfadh athrú teacht ar an gcaidreamh idir an leanbh agus an Stát amach anseo.

### 2.4.2 Impleachtaí do sholáthar an COLO

Tarlaíonn roinnt impleachtaí dá bharr seo, ach ní bhreathnófar ach ar cheann anseo; ceart an linbh óig oideachas a fháil. Chun brí a bhaint as, caithfidh foghlaim ar feadh an tsaoil leanúint ar aghaidh ó bhreith. Tá cúiseanna maithe, bunaithe ar an eolas atá againn anois ar luath-oideachas agus acmhainneacht leanaí óga foghlaim a dhéanamh, chun soláthar a dhéanamh do leanaí ó bhreith. Mar sin féin, tá argóint níos bunúsaí ann maidir le ceart an linbh óig oideachas a fháil mar atá ag leanaí níos sine. Tugann an UNCRC (NA, 1989) tacaíocht dó seo.

## 2.5 Cúram agus oideachas

Tá an soláthar do leanaí óga in Éirinn scartha agus go leor den locht ar an tuiscint a bhíodh in Éirinn maidir le cúram agus oideachas agus gur dhá chineál éagsúla soláthair iad. Is furasta a fheiceáil cén chaoi ar tharla sé seo in Éirinn san am a caite.

### 2.5.1 An baile agus an scoil

Bunaíodh córas na mbunscoileanna in 1831 agus bhí dóthain naoionán (idir 3-5 bliana d'aois) sa chóras faoi 1872 chun go raibh gá le clár sonrach naoionán. Léiríonn figiúirí ó lár na 1940dí go raibh os cionn 48,000 leanbh idir trí agus cúig bliana d'aois sa chóras faoin tráth sin. Léiríonn na figiúirí seo líon ard leanaí óga ar scoil. B'fhéidir go léiríonn sé seo gur chuir tuismitheoirí luach ard ar oideachas a leanaí agus míníonn sé sin cén fáth a bhfuil córas na mbunscoileanna in Éirinn, ón tús, dírithe go hiomlán ar 'oideachas'. Ar feadh na tréimhse dá dtagraítear thuas, tugadh 'aire' do leanaí sa bhaile go dtí gur thosaigh siad ar scoil. Bhí an dá chomhthéacs, 'cúram' agus 'oideachas' an-éagsúil, agus is cosúil gurb é an míniú a bhaintear as an éagsúlacht sin ná go raibh siad ar leithligh óna chéile.

Cé gur beag fianaise atá ann maidir le cúram leanaí óga sa bhaile, is cosúil gur faoi chúram na máthar is mó a bhí sé. Bhí na teaghlaigh mór agus bhí na gasúir is sine ag tabhairt aire do na gasúir óga. Cé go raibh difríochtaí idir an saol uirbeach agus tuaithe, bhí páirt ag an teaghlach leathnaithe, go háirithe seanmháithreacha, a bhí ina gcónaí sa teach go minic, leis an gcúram. Sa bhaile agus sa scoil an dá áit a raibh leanaí mar sin, fiú sular breathnaíodh ar an dá áit, is féidir an t-athrú ar an gcoincheap traidisiúnta atá againn maidir le cúram mar an méid a tharlaíonn go trí bliana d'aois nó mar sin, agus oideachas ina dhiaidh sin a fheiceáil.

### 2.5.2 Beartas agus cur i bhfeidhm

Ag leibhéal na gclár, tá an tuairim fós ann gur dhá shaincheist ar leith atá gaolta lena chéile iad cúram leanaí agus luath-oideachas. Léiríonn cáipéisí tábhachtacha beartais ón trí phríomhroinn rialtais bainteach le tacaíocht a thabhairt don COLO an tuairim chéanna maidir le cúram agus oideachas le chéile (DES, 1999; An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí [DJELR], 1999; DHC, 2000), ach níor léirigh cur i bhfeidhm na gclár é seo go dtí seo. Tá gníomhartha an Stáit á mbrú ar aghaidh ar chúiseanna éagsúla – beartas cúram leanaí mar gheall ar an ngá atá le soláthar a mhéadú chun déileáil le riachtanais cúram leanaí na dtuismitheoirí atá ag obair agus beartas luath-oideachais mar gheall go n-aitnítear an tábhacht atá ag taithí na

luathbhlianta, go háirithe do leanaí faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil riachtanais speisialta acu. Mar sin féin, is léir go bhfuil athrú suntasach ag teach ar an bpatrún seo agus go bhfuil earnáil COLO ar leith ag teacht chun cinn.

### 2.5.3 Comhordú agus comhtháthú

Léiríonn na struchtúir chomhordaithe chomhtháite nua, lena n-áirítear an Coiste Comhordaithe Náisiúnta um Chúram Leanaí (NCCC), na Coistí Contae um Chúram Leanaí (CCC), an Lárionad agus an NCO, buaicphointí tábhachtacha. Ar bhealach amháin nó ar bhealach eile tá freagracht orthu ar fad as cúram leanaí agus luath-oideachas. Mar shampla, i gcás an Lárionaid, tá sé freagrach as CNC/COLO a fhorbairt. Chomh maith leis sin, tá tionscnaimh bheartais i réimsí áirithe ag teacht i bhfeidhm; tá caighdeánú níos fearr in oiliúint agus i gcáilíochtaí foirne ag teacht chun cinn, agus tá forbairtí curaclaim ag dul i dtreo comhtháthaithe níos fearr i gcúram leanaí agus luath-oideachas.

Faoi fhorálacha an Chláir Chomhdheiseanna do Chúram Leanaí (EOCP), tugadh maoiniú do na hEagrais Náisiúnta Dheonacha um Chúram Leanaí (NVCOS)<sup>3</sup> chun grúpa a bhunú a fheabhsódh cumarsáid agus comhordú idir na grúpaí i gceist. Tá líonraí soláthróirí bunaithe, cosúil le Coiste Cúraim Leanaí Chontaetha na Teorann (BCCN) agus líonraí níos áitiúla faoi chúram na CCCanna. Tá Grúpa Oibre Ardleibhéil curtha le chéile ag an NCO, agus tá Coiste Comhairleach ag an Lárionad a sheasann don lucht leasa i soláthar luath-óige.

Meastar anois go gcaithfear leibhéal an chomhtháthaithe agus an chomhordaithe bheartais, reachtaíochta agus sholáthair do leanaí óga a mhéadú. Mar sin féin, áfach, ní bheidh earnáil cheart COLO ann go mbeidh comhordú níos fearr ag leibhéal idir-rannach, agus go gcuirfidh an DJELR, DHC agus DES cur chuige amháin i bhfeidhm maidir le cúram agus oideachas leanaí óga. Tá moltaí tugtha sa Pháipéar Bán maidir le hOideachas Luath-Óige (DES, 1999a) cheana féin ar an mbealach chun cinn ina leith seo i.e. moladh go mbunófaí an ECEA mar struchtúr don chur chuige seo.

<sup>3</sup> D'athbhunaíodh an grúpa seo mar an Comheagras Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí (NVCC).

## 2.6 Comhthéacs curaclaim

Tá go leor airde á tabhairt anois ar churaclam na luathbhlianta le foilsiú na cáipéise comhairliúcháin, I dTreo Creata don Luathfhoghlaim (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta [NCCA], 2004). Cé gurb é seo an chéad uair creat náisiúnta curaclaim ag Éirinn don aoisghrúpa breith go sé bliana, téann stair soláthar curaclaim an Stáit do leanaí óga – go háirithe iad siúd sna naíonáin (3-6) i mbunscoileanna – siar céad bliain.

### 2.6.1 Clár Leasaithe 1900

Ceann de na buaicphointí a bhí ann ná Clár Leasaithe 1900 (Commissioners of National Education in Ireland, 1901), cé gur tús treallach go maith é seo. Ach fiú roimhe sin, bhí tionchar ag fealsúnacht Rousseau, Froebel, Pestalozzi agus Dewey ar dhaoine a chuir na teoricí sin i gcleachtas. Agus, i ndáiríre, d'fhéadfá tús an chleachtais dírithe ar leanaí a rianadh siar go dtí na teoricí seo.

Froebel agus thiomsaigh cur chuige heorastúil maidir le teagasc agus foghlaim. Mhol sé forbairt ón taobh istigh seachas ón taobh amuigh, mhol sé na hábhair a chomhtháthú agus chuir sé béim ar an timpeallacht mar chomhthéacs d'fhoghlaim an linbh. Mhol an Clár Leasaithe teagasc ar bhealach comhtháite, ag imeacht ón traidisiún a bhí ann ag an am. Mar sin féin, faraor, níor tháinig an t-airgead riamh do threalamh, oiliúint agus cur i bhfeidhm. Cé gur cuireadh feabhas ar an oideachas do naíonáin mar gheall ar an gClár Leasaithe, de réir Thuarascáil Dale (Dale, 1904) ba é seo an chuid ba laige den chóras. Mar a tharlaíonn sa lá atá inniu ann freisin, ba chuma cé chomh maith is a bhí an curaclam bhraitheadh sé ar acmhainniú, oiliúint agus infheistíocht.

### 2.6.2 Athrú curaclaim 1922 agus 1948

Bhí cur chuige an-éagsúil sa churaclam a tugadh isteach i 1922 nuair a bunaíodh an Saorstát (National Programme Conference, 1922). Faoin gcur chuige seo, d'athraigh an fócas ón leanbh óg go dtí ábhar an churaclaim, go háirithe an Ghaeilge, a cuireadh ar ais mar chuid d'athrú sochpholaitiúil na hÉireann agus

neamhspleáchas bainte amach aici. Mar gheall ar na hathruithe sa churaclam, bhí an Ghaeilge a athbheochan mar phríomhaidhm an oideachais do leanaí óga. Nuair a bhí an clár seo curtha i bhfeidhm cúpla bliain, bhraith múinteoirí inní faoina éifeacht, ag rá gur chuir sé srian ar an leanbh go hintleachtúil, srian ar chruthúlacht agus damáiste d'intinn agus do chorp na leanaí. Tháinig an Clár Leasaithe do Naíonáin in áit an Chláir seo (An Roinn Oideachais [DoE], 1948) i 1948, a chuaigh ar ais chuig luachanna agus treo Chláir Leasaithe 1900. Mar gheall ar riachtanais leanúnacha theagasc na Gaeilge, áfach, bhí sé deacair fealsúnacht an Chláir seo a chur i bhfeidhm.

### 2.6.3 Curaclam Nua, 1971

Tháinig athrú mór ar an gcuraclam i 1971 (DoE, 1971). Bhí spraoi lárnach sa churaclam seo ar mhaithe le forbairt iomlánaíoch gach linbh, agus bhí solúbthacht ann chun freastal ar riachtanais leanaí le cumais agus cúlraí éagsúla. Mar sin féin, mar gheall ar an gcúlú eacnamaíoch sna 1970dí, níor tharla an líonra cuimsitheach tacaíochta do mhúinteoirí a bhí ag teastáil. Bhí ranganna fós an-mhór i ndiaidh an Churaclaim Nua a thabhairt isteach. Mhéadaigh caiteachas ar oideachas sna blianta ina dhiaidh sin, agus cé go raibh ranganna mór mhéadaigh líon na bpost do mhúinteoirí go mór. Baineann sé seo le scéimeanna a tugadh isteach cosúil le hIdirchaidreamh Baile/Scoile/Pobail (HSCL) agus an méadú ar an Soláthar Riachtanais Speisialta.

### 2.6.4 Curaclam Leasaithe, 1999

Rinneadh an t-athrú is deireanaí i 1999 nuair a tugadh isteach an Curaclam Leasaithe do Bhunscoileanna. Tá Curaclam Leasaithe 1999 (DES, 1999b) deartha chun leanaí a chothú i ngach gné dá saolta. Tá oiliúint inseirbhíse leanúnach do mhúinteoirí agus tá struchtúir (e.g. the Clár Tacaíochta an Churaclaim Bunscoile [PCSP] agus an tSeirbhís Pleanála Forbartha Scoile [SDPS]) curtha i bhfeidhm chun tacú lena gcur i ngníomh sna scoileanna. Má bhreathnaítear go grinn ar na curaclaim i ndiaidh a chéile feictear an tuiscint nua ar choincheapa cosúil le hoideachas leanbhlárnach agus iomlánaíoch in Éirinn.

## 2.7 Forbairtí sa soláthar

Ceann de na torthaí a bhí ar an rathúlacht ar an ngeilleagar sna 1960dí ná an tsuim agus an fócas ar oideachas. Ón tréimhse seo ar aghaidh, chuir oideachas tús le gluaiseacht shóisialta, b'fhéidir mar gheall ar oideachas dara leibhéal saor in aisce. Bhí tuismitheoirí ag súil go bhfeabhsódh deiseanna a gcuid leanaí sa todhchaí trí oideachas. Mar gheall ar an mbaint atá ag Éirinn le heagraíochtaí idirnáisiúnta cosúil le hOifig Oideachais, Eolaíoch agus Cultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), an OECD agus na NA, in éineacht leis an dóchas a bheith ina ball den CEE, ní raibh an oiread oileánachais mar a bhí roimhe sin. D'athraigh an fócas ó chaiteachas sóisialta i ndáil le hoideachas agus leanaí go hinfheistíocht sa duine, sa gheilleagar agus sa tsochaí.

### 2.7.1 Oideachas Speisialta

Tugadh na chéad mhúinteoirí feabhais isteach i scoileanna sa tréimhse seo, na 1960dí, agus d'ardaigh an Coimisiún Fiosrúcháin maidir le hÉislinn Mheabhrach (Coimisiún Fiosrúcháin maidir le hÉislinn Mheabhrach, 1965) feacht ar cheist an oideachais speisialta. Ba é seo an tús le leanaí le riachtanais speisialta i scoileanna príomhshruitha sna deich mbliana ina sin. Bunaíodh formhór na scoileanna speisialta atá ann inniu sna 1960dí agus 1970dí. Bunaíodh grúpaí pobail agus grúpaí tuismitheoirí sna deich mbliana roimh an fhorbairt seo. D'fhás na Gníomhaireachtaí Deonacha atá freagrach as seirbhís a chur ar fáil do leanaí le riachtanais speisialta as na grúpaí luath sin. Sa naoú haois déag, mar gheall nach raibh aon soláthar ón Stát, bhunaigh na hoird rialta scoileanna do leanaí a bhí bodhar agus caoch. Ba iad na scoileanna seo na chéad scoileanna speisialta agus is orthu a bunaíodh forbairt an chórais.

### 2.7.2 Soláthar réamhscoile

Mar gheall gur cuireadh leanaí ar scoil go luath sa chéad leath den fhichiú haois agus mar gheall nach raibh an oiread sin máithreacha amuigh ag obair ní raibh gá chomh mór le hoideachas réamhscoile. Cé go bhfuil roinnt samplaí de sholáthar agus seirbhísí réamhscoile roimh na 1960dí, tharla athruithe ón tréimhse sin ar aghaidh mar

gheall ar athrú sóisialta agus iarracht aonair. Chomh maith leis sin, ó dheireadh na 1960dí, tháinig dearcadh forbarthach in ionad an tsoláthair ‘riosca sóisialta’ do leanaí óga – a thacaíonn leis an gcleachtas leanaí a chur faoi chúram institiúideach.

Tháinig an tréimhse seo trasna ar theacht Barnardos go hÉirinn, bunú Chumann Grúpaí Súgartha Réamhscoile na hÉireann (IPPA), bunú na chéad Naíonraí agus leathnú ar dheiseanna oiliúna Montessori. Cosúil leis an soláthar do leanaí le riachtanais speisialta, thosaigh an cruth atá ar sholáthar luath-óige ag an am sin, gan páirt an Stáit. Bunaíodh Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland (Holland, 1979) i 1969 mar chlár idirghabhála do leanaí i gceantar faoi mhíbhuntáiste i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Ba é seo an t-aon tionscadal réamhscoile ag an Stát gur bunaíodh na réamhscoileanna Tús Luath i lár na 1990dí i roinnt scoileanna ainmnithe faoi mhíbhuntáiste.

### 2.7.3 Forbairt beartais cúram leanaí

Bunaíodh roinnt grúpaí abhcóideacha sna 1970dí agus, i ndiaidh brú ó na grúpaí sin, tionóladh roinnt Coistí sna cúig bliana ina dhiaidh sin chun ról agus gá le saoráidí cúram leanaí taobh amuigh den bhaile a scrúdú<sup>4</sup>. Faraor, is beag freagra a tugadh ar na tuarascálacha. D’fhéadfadh sé nár thacaigh meon an phobail ina iomláine leis an ngluaiseacht ar an ábhar seo. Gan ach cúpla bliain ó shin i 1972, mhol Tuarascáil um Stádas na mBan (Coimisiún um Stádas na mBan, 1972) do mháithreacha fanacht sa bhaile go mbeadh an leanbh trí bliana d’aois agus gan filleadh ach má bhí údar maith acu leis. É sin ráite, éilíodh sa tuarascáil infrastruchtúr náisiúnta maidir le cúram leanaí chun saol na mban a bhíodh ag obair a éascú, ach is beag éifeachta a bhí ag an moladh sin ach an oiread. Mar sin féin, tháinig athrú ar mheonta sna blianta seo, léirithe ag líon na n-iarratas ar chúram leanaí ón Stát, rud nach raibh éileamh dá laghad air sa chéad leath den chéad. Tháinig an tuairim chun cinn ansin nach máithreacha amháin a thug aire dá leanaí, agus go raibh gá le cúram taobh amuigh den bhaile.

<sup>4</sup> An Tascfhórsa ar Sheirbhísí Cúraim Leanaí (An Roinn Sláinte, 1980)

An Grúpa Oibre ar Áiseanna Cúraim Leanaí do Thuismitheoirí ag Obair (An Roinn Oibre, 1983)

An Coiste ar Íoscheanglais agus Íoschaighdeán Dlíthiúla do Sheirbhísí Cúraim Lae (An Roinn Sláinte, 1985)

### 2.7.4 Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí

I scoileanna, tá athrú an-mhór tagtha ar an meon i leith rannpháirtíocht na dtuismitheoirí, fiú ó tugadh isteach an Curaclam Nua i 1971. Ceann de na fadhbanna a bhain leis na hathruithe ar an gcuraclam a chur i bhfeidhm an uair sin ná easpa eolais agus cumarsáide le tuismitheoirí agus dá bharr sin ní raibh siad go hiomlán ar an eolas maidir leis na prionsabail agus na hidéolaíochtaí nua a bhí leis an gcuraclam. Léirigh an scéim Idirchaidrimh Baile/Scoile/Pobail, a bunaíodh i 1990 i scoileanna áirithe faoi mhíbhuntáiste, áfach, go raibh béim níos mó agus aitheantas á thabhairt do thábhacht rannpháirtíocht na dtuismitheoirí chun go n-éireodh le leanaí sa scoil. Samplaí eile den mhéadú a tháinig ar an bhfeasacht go bhfuil sé tábhachtach tuismitheoirí a áireamh in oideachas leanaí ná gur áiríodh tuismitheoirí ar na Boird Bhainistíochta ó 1975 i leith, agus gur bunaíodh scoileanna chun freastal ar shuimeanna éagsúla, cosúil le Gaelscoileanna agus scoileanna neamh-, idir- agus ilchreidimh faoi chúram na ngrúpaí tuismitheoirí.

Cé gur beag fianaise stairiúla atá ar fáil ar fhorbairt pháirt na dtuismitheoirí i seirbhísí taobh amuigh de chóras na scoile, is cosúil gur fhás Spraighgrúpaí Pobail, i gcásanna áirithe, ó obair na ngrúpaí tuismitheoirí. Tá an cás faoi láthair i bhfad níos soiléire. De réir athbhreithnithe náisiúnta le gairid ar bheartas, cleachtas agus taighde maidir le cáilíocht i COLO bhí an tuairim chéanna i ngach grúpa maidir le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí. Feictear rannpháirtíocht na dtuismitheoirí mar tháscaire tábhachtach, riachtanach ar sheirbhís ar ardchaighdeán ag gach grúpa soláthróirí bainteach le cáilíocht a chur chun cinn i COLO (An Lárionad, 2004a).

## 2.8 An Éagsúlacht

Mhéadaigh na hathruithe idir na 1960dí agus na 1980dí go mór arís sna 1990dí leis an mborradh faoin ngeilleagar, rud nua amach is amach in Éirinn. Tá an timpeallacht ina bhfuil leanaí a rugadh ó 1990 ag fás an-éagsúil ón timpeallacht roimh sin. Is cur síos ó dhá pheirspictíocht atá san ábhar atá ar fáil ar shaol leanaí i dteaghlaigh in Éirinn san am atá caite, agus, is mar a chéile na

peirspictíochtaí ar an teaghlach sa tréimshe sin. Is léir nach raibh aon tuairim amháin leanúnach ar thaithí leanaí in Éirinn le céad bliain anuas. Léiríonn an méid fianaise atá ar fáil, mar shampla, leanaí Lucht Siúil, leanaí le míchumais, leanaí ó chúlraí éagsúla socheacnamaíocha nó leanaí ó theaghlaigh de chineálacha éagsúla, go raibh taithí éagsúil acu ar an saol anseo. Ní breithiúnas é seo ar na leanaí a bheith sásta nó gan a bheith ach léargas go raibh fadhbanna i gcónaí ag baint leis an óige. Ní raibh, agus níl anois, aon óige amháin in Éirinn.

### 2.8.1 Freagra ar dhifríocht

Cé nach é an taithí chéanna a bhí ag gach leanbh ar an óige le céad bliain anuas, ní raibh aon léargas le fáil ar éagsúlacht mar a fheicimid anois í. Má bhreathnaíonn tú siar, feicfidh tú teaghlach traidisiúnta a mheas í féin a bheith, faoin Eaglais/Stát ar aon chuma, aontaithe ag creideamh amháin. Aon duine nár tháinig leis seo agus a d'imigh ón teaghlach traidisiúnta ina raibh lánúin phósta le gasúir, caitheadh go dona leo.

Rinneadh tagairt cheana féin do na leanaí uile a cuireadh faoi chúram institiúideach, go hiondúil leanaí faoi mhíbhuntáiste nó ó theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste. Le blianta beaga anuas, tháinig sé chun solais gur cuireadh mná óga isteach sna Neachtlananna Magdalene mar go raibh páistí acu agus gan iad pósta nó mar gheall ar iompar nár tháinig leis an ngnáthmhóráltacht. Chomh maith leis seoladh páistí na máithreacha nach raibh pósta chuig na Stáit Aontaithe sna 1950dí agus 1960dí. Cuireadh an Lucht Siúil, den chuid is mó, faoi chois. Is léir ó shracfhéachaint a thabhairt ar shochaí na hÉireann, nach hé an íomhá a léirigh an Eaglais ná an Stát an íomhá a bhí ann i ndáiríre agus cuireadh rialacha i bhfeidhm chun iad siúd nár iompar iad féin i gceart a smachtú.

### 2.8.2 Athrú soch-chultúrtha

D'athraigh Éire tar éis na 1950dí, ach is ó thus na 1990dí is mó atá tionchar ag an athrú soch-chultúrtha in Éirinn ar ár dtuairimí mar náisiún. Tá gach cineál teaghlach anseo anois: Beirt tuismitheoirí, an bheirt ag obair; teaghlaigh aontuismitheora; lánúin/tuismitheoirí a phós an dara uair;

teaghlaigh uchtaithe agus teaghlaigh eile. Go deimhin, ní hé an teaghlach ina mbíonn an t-athair amuigh ag obair agus an mháthair ina bean tí ag tabhairt aire do na leanaí an teaghlach is ceannasaí in Éirinn. Mar gheall go mbíonn súil anois go mbeidh aithreacha páirteach i saol a leanaí, agus mar gheall go mbíonn máithreacha amuigh ag obair agus go bhfuil níos mó teaghlach ann le tuismitheoirí amháin, tá próifíl an teaghlaigh in Éirinn athraithe; tá méadú tagtha ar theaghlaigh níos lú agus ar éagsúlacht i struchtúr na dteaghlach.

### 2.8.3 Míbhuntáiste agus riachtanais speisialta

In ainneoin fhás an gheilleagair, tá go leor teaghlach in Éirinn bocht. Maidir leis an éagothroime cúinsí a bhaineann le teaghlaigh in Éirinn, baineann éagothroime ioncaim leis na grúpaí is mó agus is lú ioncaim. Iad siúd is mó a bhfuil tionchar aige seo orthu ná leanaí, leanaí a fhágann an scoil luath, tuismitheoirí aonair, daoine dífhostaithe, Lucht Siúil, mionlaigh eitneacha, dídeánaithe, seandaoine ina gcónaí astu féin agus faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas agus feirmeoirí beaga. D'ainneoin feabhas le blianta beaga anuas, tá ceann de na rátaí is airde san Eoraip de bhochtaineacht leanaí in Éirinn. I sochaí atá mórtasach as a córas oideachais, is aisteach an rud é go bhfuil leanaí ón íseal aicme i mbaol oideachais níos airde. Dá bhrí sin, is mó an seans go bhfágfaidh siad an scoil gan aon cháilíocht agus is lú an seans go mbeidh cáilíocht tríú leibhéal acu.

Bíonn leanaí an Luchta Siúil an-bhocht agus faoi mhíbhuntáiste oideachais. Bíonn bás leanaí a dhá oiread an ráta náisiúnta agus cé go bhfreastalaíonn go leor leanaí den Lucht Siúil ar an mbunscoil, is beag acu a théann chuig an meánscoil, agus is lú fós a fhaigheann Ardeistiméireacht agus is líon an-bheag go deo a théann chuig an tríú leibhéal. Tugann an Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta leasaithe (NAPS), Sochaí Uilechuimsitheach a Thógáil (An Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh [DSCFA], 2002) cúram speisialta do na grúpaí leochaileacha agus tá roinnt tiomantas ann chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Tá roinnt tionscnamh tagtha ón DES do scoileanna chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais agus tá athbhreithniú le déanamh orthu seo.

Infheistíocht an-mhór ón Stát is ea an EOCP, cé nach bhfuil sé dírithe go hiomlán ar leanaí, in infrastructúr sholáthar an COLO i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Díríonn tionscnaimh eile ó ranna éagsúla rialtais ar mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

Mar sin féin, i dtéarmaí an tsoláthair do leanaí le riachtanais speisialta, tá easpa córas cuimsitheach, maoinithe ag an Stát do leanaí le riachtanais speisialta agus dá dteaghlaigh. Braitheann an córas reatha ar obair na nGníomhaireachtaí Deonacha, ach níl aon chreat náisiúnta don chaidreamh idir Gníomhaireachtaí Deonacha agus an Stát. Tá sé deacair an córas a athrú agus is dúshlán atá ann do thuismitheoirí ag lorg seirbhísí dá leanaí óga.

#### 2.8.4 Éagsúlacht Chultúir

Le deich mbliana anuas, tá ilchineálach eitneach agus cine níos mó in Éirinn. Tháinig méadú mór ar na hiarratais ar thearmann in Éirinn idir 1992 agus 2001, ach tá se seo laghdaithe go mór le gairid. Meastar sa bhliain 2000, gur tháinig os cionn 5,000 leanbh ag lorg tearmainn go hÉirinn, agus caithfidh a fháil amach an bhfuil a gcuid riachtanas á gcomhlíonadh. In Eanáir 2003, thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas go bhféadfaí tuismitheoirí nach náisiúnaigh iad ach gur saoránach de chuid na hÉireann a leanbh a dhíbirt as an tír, ach dúirt an Chúirt freisin gur cheart aird a thabhairt ar chearta an linbh faoi mBunreacht, agus ba chóir meas a léiriú ar chearta tuismitheoirí agus deirfiúracha agus deartháireacha an linbh. Ní léir fós cén tionchar a bheidh ag an gcinneadh ar thodhchaí an ghrúpa seo de shaoránaigh na hÉireann.

Rud mór eile atá tarlaithe le gairid ná leanaí a rugadh sa Romáin, sa Rúis agus sa tSín a bheith uchtaithe ag teaghlaigh na hÉireann. De bharr éagsúlacht chultúir níos mó in Éirinn caithfidh seirbhísí agus sochaí na hÉireann grúpaí mionlacha a ghlacadh agus a chomhtháthú, mar a rinne caidreamh an tsochaí leis an Lucht Siúil le roinnt blianta. Mar sin féin, tá neart samplaí den iarracht dul i ngleic le ciníochas agus oideachas frithchlaonta do leanaí a chur chun cinn. An sampla is fearr de seo ná an tionscald Éist (Murray agus O'Doherty, 2001). Tugann cláir frithchlaontachta faoi gach cineál leatrom. Ba chóir iad a bheith i bhfeidhm i ngach

timpeallacht ina dtugtar aire do leanaí agus ní hamháin timpeallachtaí le leanaí ó chúlraí éagsúla.

## 2.9 Teanga

Is gné eile den éagsúlacht anseo an dátheangachas, mar gheall ar an seasamh speisialta ag an nGaeilge i ndlí na hÉireann. Is í an teanga an príomh-mhodh cumarsáide in aon chultúr, agus mar gheall ar an éagsúlacht in ár sochaí, ba chóir aird a dhíriú uirthi.

### 2.9.1 An Ghaeilge

Rinneadh cur síos cheana ar an iarracht ag tús an Stáit leanaí óga a úsáid chun an Ghaeilge a bhunú mar phríomhtheanga na ndaoine. Cé nár éirigh leis an gcur chuige, bhí an ceart ag na húdair a bhunaigh an scéim luathbhlianta an linbh a aithint mar an am is fearr chun an dara teanga a fhoghlaim. Ag deireadh na 1960dí, bunaíodh roinnt grúpaí naíonraí le tacaíocht ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge. Tá grúpaí naíonraí cosúil le spraoighrúpaí eile ach, chomh maith leis sin, ní labhraíonn na daoine fásta ach Gaeilge. Tá cead ag na leanaí labhairt i mBéarla nó i nGaeilge. I 1973, bhunaigh na heagraithe eagraíocht dheonach – Na Naíonraí Gaelacha faoi chúram Chonradh na Gaeilge. Bunaíodh an Comhchoiste Réamhscolaíochta Teo (ar a dtugtar Forbairt Naíonraí Teo. anois) ansin agus is comhchoiste atá ann de Na Naíonraí Gaelacha agus Bord na Gaeilge chun tacú le réamhscolaíocht trí Ghaeilge. Le tríocha bliain anuas tá méadú ag teacht ar líon na nGaelscoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht, le líon na leanaí a fhaigheann oideachas trí Ghaeilge ag méadú.

### 2.9.2 Soláthar don dara teanga

De réir a chéile, tá leanaí sna scoileanna agus seirbhísí COLO nach Béarla ná Gaeilge a máthairtheanga. Go deimhin, déanann an DES roinnt soláthar teanga do leanaí eachtracha sna scoileanna. Tá fianaise ann go dteastaíonn tacaíocht don mháthairtheanga ó leanaí ag foghlaim a ndara teanga. Bíonn tionchar ag máthairtheanga an linbh ar an bhforbairt a dhéanann sé ar an dara teanga agus ar gach gné dá fhorbairt. Tá impleachtaí

aige seo don soláthar seirbhísí do leanaí óga ag céim ríthábhachtach i bhforbairt teanga. B'fhéidir go dteastóidh daoine fásta, sna timpeallachtaí do leanaí óga, atá cumasach i máthairtheanga an linbh. Níor freagraíodh é seo maidir le soláthar seirbhíse anseo in Éirinn.

Mar a chéile, caithfear a thuiscint gur Comharthaí Láimhe an chéad teanga ag leanaí atá bodhar. Caithfidimid a chinntiú, freisin, go mbeidh an leanbh le lagú dáiríre teanga in ann bealaí eile cumarsáide a fhorbairt.

Ní hamháin gur cuid lárnach dár gcumas feidhmiú sa tsochaí í teanga, ach cuireann sí féiniúlacht in iúl freisin. Léiríonn an tacaíocht don Ghaeilge go dtí seo an meas atá againn ar chumhacht teanga. Mar gheall ar an méid atá déanta in Éirinn chun ár dteanga féin a chothú agus a chur chun cinn, ba chóir dúinn tacú leo siúd ar mhian leo a dteanga a chothú agus iad ag foghlaim Béarla.

### 2.10 Spraoi

Baineann spraoi go mór le hóige, agus ní féidir athbhreithniú a dhéanamh ar óige in Éirinn gan aird a thabhairt ar spraoi leanaí. Mar sin féin, cé gur tugadh aird ar thimpeallacht an spraoi i bhfoghlaim agus i bhforbairt leanaí, is beag eolais atá ar an gcaoi a raibh leanaí ag spraoi san am atá caite, anseo in Éirinn ar aon chuma. Tagann beagán eolais ó staidéar antraipeolaíoch agus dialanna ar tagraíodh dóibh roimhe seo. Léiríonn roinnt bailiúchán rann sráide agus cluichí an bheocht agus an tsaoirse i mBaile Átha Cliath i lár an chéid seo caite agus léiríonn siad an t-am a bhí ag leanaí ag spraoi. Léirigh staidéar eile i gceantair thuaithe go raibh tascanna samhlacha le déanamh ag leanaí á n-ullmhú don obair sa todhchaí ar an bhfeirm nó sa bhaile. De réir saineolaithe ar chleachtais cúram leanaí i rith na tréimhse nuair a d'éirigh teaghlaigh níos lú agus is beag teaghlaigh leathnaithe a bhí ann, ceaptar gur chaith leanaí tréimhsí fada astu féin (Arsenberg agus Kimball, 1940; Scheper-Hughes, 1979). Níl an tuairim seo fairsing agus ba chóir a bheith cúramach leis, ach mar gheall go bhfuil spraoi tábhachtach maidir le leanaí, tá sé suimiúil a fháil amach cén tionchar a bheadh ag na coinníollacha sin. Ar an lámh eile, tagraíonn roinnt dialann do spraoi idir tuismitheoirí agus leanaí. (Walsh, 1995; Kerrigan, 1998)

Baineann an chuid is mó den eolas ar spraoi le céad bliain anuas lena shuíomh sa churaclam. Mar sin féin, cé go n-insíonn sé seo dúinn an chaoi a measadh gur thacaigh spraoi le forbairt leanaí agus cineálacha comhthéacsanna agus trealamh a theastaigh, is beag a insíonn sé faoi thaithí an linbh. Mar sin, is beag is féidir a rá faoi thaithí an linbh ag athrú maidir le spraoi in Éirinn sa tréimhse faoi chomaoin anseo.

Faoi láthair, níl aon argóint anseo maidir le seasamh an spraoi i saol leanaí. De réir go leor cáipéisí beartais i rith na 1990dí agus roimhe sin is é an spraoi ceann de na comhthéacsanna is tábhachtaí ina bhfoghlaimíonn agus ina bhforbraíonn an leanbh.

### 2.11 An Chonclúid

Forbhreathnú gairid a bhí anseo ar roinnt de na hathruithe a d'imir tionchar ar an mbealach a gcaitheann leanaí a saol in Éirinn. Níl aon údar againn a cheapadh nach n-athróidh saol leanaí amach anseo, ná ní fhéadfaimid a cheapadh nach n-athróidh an tsochaí. Tá roghanna le déanamh againn mar gheall ar éiginnteacht na n-athruithe, roghanna faoin luach a chuirimid ar óige agus tacú le leanaí. Cé go bhféadfaimid breathnú siar agus a aithint gur theip an tsochaí ar leanaí i ngo leor cásanna, botún a bheadh ann gan níos mó a fhoghlaim ón taithí. Láidreodh sé seasamh gach duine i COLO nó in abhcóideacht maidir le cearta agus saoránacht iomlán leanaí.

### 2.12 Impleachtaí don CNC/COLO

Léiríonn an díospóireacht seo impleachtaí don Lárionad agus a fhorbairt ar an CNC/COLO.

- 1 Bhí fáil ar acmhainní, oiliúint agus infheistíocht ríthábhachtach i gcónaí chun athrú a chur i bhfeidhm ar an gcuraclam in Éirinn, agus ríthábhachtach fós.
- 1 Is gá próifíl ard a chothú do chearta agus riachtanais leanaí agus a bhfeiceálacht a chinntiú sa tsochaí chun a leas agus caighdeán an tsoláthair a chinntiú.
- 1 Má thugtar tacaíocht do thuismitheoirí le cothromaíocht oibre/saoil agus le cleachtas



- tuismitheoireachta feabhsaíonn sé saol an linbh.
- 1 Rachaidh forbairt agus cothú na struchtúr a fheabhsaíonn cumarsáid agus comhordú san earnáil COLO, ag leibhéal seirbhíse agus beartais, chun tairbhe don soláthar.
  - 1 Má fheabhsaítear an caidreamh idir soláthróirí seirbhíse agus tuismitheoirí, rachaidh sé chun tairbhe don leanbh.
- 1 Teastaíonn tacaíocht ó leanaí agus ón bpobal chun forbairt na meonta dearfacha i leith éagsúlachta agus cothromaíochta a chur chun cinn.
  - 1 Caithfear tacú le máthairtheanga an linbh fad is a bheidh teangacha breise á bhfoghlaim
  - 1 Tá gá le taighde chun taifead a choinneáil ar spraoi leanaí ó lá go lá chun taifead a choinneáil ar leanaí inár sochaí.

## Roinn 3



### Peirspictíocht théamúil maidir le foghlaim agus forbairt an linbh

#### 3.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach sa Réamhrá, d'eascair seacht dtéama ón anailís ar na codanna faoi fhorbairt an linbh sa Cháipéis Athbhreithniúcháin. Tá súil ghéar caite ar an méid eolais san athbhreithniú. I ndiaidh anailíse a dhéanamh, tá an t-ábhar curtha isteach faoi seacht dtéama sa Chaibidil seo. Níor chóir breathnú ar na téamaí seo astu féin ach mar aonad. Téann gach téama le chéile agus níl aon tábhacht ag baint leis an ord.

Úsáidtear roinnt pointí taighde ón gCáipéis Athbhreithniúcháin chun pointí a dhéanamh sa chaibidil. Níl iontu seo ach samplaí agus ní gá gurb iad na pointí is tábhachtaí iad ón taighde; tá siad anseo mar go bhfuil siad oiriúnach don téama atá á phlé. Tá an díospóireacht bainteach le leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois, ach aithnítear go bhfuil difríochtaí sa chur chuige d'aoisghrúpaí

áirithe sa réimse sin. Cé nach féidir an iomarca a rá faoi gach aoisghrúpa, déantar tagairt don chur chuige áirithe atá riachtanach do leanaí an-óg. Mar gheall go ndíríonn na téamaí ar phrionsabail bhunúsacha cleachtas, tá siad beartaithe mar théamaí a chuimseoidh gach timpeallacht agus aoisghrúpa. Breathnaíonn an díospóireacht dá bharr sin ar pheirspictíocht an Lárionaid ar chomhthéacs an chleachtas cháilíochta le leanaí óga. I ndiaidh gach téama a phlé, tá na himpleachtaí don CNC/COLO san áireamh faoi gach ceannteideal mar atá Sainmhíniú, Tacaíocht agus Measúnú Cáilíochta.

#### 3.2 Foghlaim agus forbairt leanbhhlárnach

Chun cur chuige leanbhhlárnach a ghlacadh maidir le forbairt agus foghlaim leanaí

caithfidh an duine fásta atá ag tacú leis an leanbh díriú ar an leanbh mar dhuine aonair mar thúsphointe na foghlama. Cinntíonn sé seo go bhfuil an leanbh i lár an iarrachta seachas mar uirlis a shúnn eolas. Tá an leanbh ina ghníomhaire ina fhoghlaim agus ina fhorbairt féin. Tá a leas féin, a láidreachtaí, a riachtanais, a mheonta foghlama agus a acmhainneacht ag an leanbh. Tarlaíonn sé seo ag an am céanna le féiniúlacht chultúrtha, inscne, caidreamh, inniúlacht agus cumas. Am luachmhar ar leith is ea an óige ina gcaithfear féiniúlacht a aithint agus meas a léiriú air, tacú leis, agus é a chothú trí chaidreamh leis na daoine fásta i saol an linbh. Tugann aitheantas ar chearta an linbh comhthéacs don phróiseas dinimiciúil seo a d'fhéadfadh tacaíocht a fháil ón mbeartas agus ón reachtaíocht bunaithe ar chearta.

Bainfidh an leanbh tairbhe as cumarsáid chómhalartach le daoine fásta a gheobhaidh eolas agus tuiscint ar shaol an linbh tríd an gcumarsáid sin. Má aithnítear go bhfuil a ghlór féin ag an leanbh sa tsochaí, agus go bhfuil sé gníomhach sa saol, aithnítear go bhfuil an ceart ag an leanbh smacht a bheith aige ar a shaol féin ag leibhéal oiriúnach dá aois. Maidir le leanaí óga go háirithe, is iad na daoine fásta sa timpeallacht a chinnteoidh go dtuigfidh siad a féinspleáchas, a neamhspleáchas agus a smacht. Cuireann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhú ardchaighdeán, dinimiciúil agus cómhálartach idir an leanbh agus an duine fásta. Caithfidh na gníomhaíochtaí agus na deiseanna spraoi a chuirtear ar fáil don leanbh trí sheirbhísí agus tacaí ar ardchaighdeán rún i gcoitinne an linbh a chothú agus ciall a thabhairt dá pháirt sa saol. Tá sé tábhachtach go mbeadh cead ag an leanbh a rogha féin a dhéanamh mar chuid de pháirt ghníomhach.

Caithfidh cur chuige dírithe ar eolas agus tuiscint ar shaol an linbh a aithint nach mbíonn na himthosca ina maireann an leanbh i gcónaí ag teacht lena fhorbairt iomlánaíoch. Tá na cearta céanna ag leanbh ina chónaí faoi mhíbhuntáiste, imeallaithe mar gheall ar chine, cúiseanna eitneacha nó cultúrtha, nó mar gheall ar riachtanais speisialta de bharr míchumais, taithí ar ardchaighdeán a fháil is atá ag leanaí eile. Is é an leanbh a chaithfidh tairbhe a fháil as idirghabhálacha, agus caithfidh gach idirghabháil a bhaineann le leanaí díriú ar thorthaí na leanaí de bharr

riachtanais na leanaí. Rómhinic, úsáidtear saol an linbh mar idirghabháil chun oibleagáidí eile a chomhlíonadh, cosúil le saoirse a thabhairt do thuismitheoirí ó chúram leanaí chun páirt a ghlacadh sa lucht saothair. Caithfidh leas an linbh a bheith mar phríomhaidhm agus caithfidh meas a bheith ar shaol an linbh. B'fhéidir gurb é sin an rud is tábhachtaí faoi chur chuige leanbhlárnach, go mbeidh meas ag tuismitheoirí, daoine fásta bainteacha, an Stát agus an tsochaí ar an leanbh agus an óige.

Tugann taighde reatha léargas ar chur i bhfeidhm an chur chuige leanbhlárnach. Mar shampla, ó thaobh fisiciúil de, teastaíonn cothú sláintiúil ón leanbh, ach bíonn aistí bia easnamhacha ag leanaí bochta. Is údar imní an toradh áirithe seo in Éirinn, mar go bhfuil an ráta bochtaine is airde san AE i measc leanaí na hÉireann. I dtéarmaí cúram sláinte, tugtar tacaíocht do shláinte agus leas an linbh sna blianta tábhachtacha forbraíochta trí sholáthar leanúnach ildisciplíneacha seirbhíse i gcomhthéacs an eolais ar riachtanais agus imthosca an linbh. Gné thábhachtach agus riachtanach d'fhorbairt an linbh is ea gníomhaíocht fhisiciúil agus tá baint láidir aige le scileanna tuismitheoirí agus saoráidí agus meonta in ionaid chúram leanaí, réamhscoileanna, scoileanna agus timpeallachtaí eile taobh amuigh den bhaile. Cé go bhfuil cosáin leagtha síos chun forbairt a dhéanamh air seo, caithfear a aithint go bhfuil cumais éagsúla forbraíochta ag linbh, de réir, mar shampla, inscne agus inniúlachtaí.

De réir mar a fhásann an leanbh óg agus mar a fhorbraíonn sé go sóisialta, caithfidh cúramóirí na gnéithe is ionann don phróifíl aonair a aithint. Gné amháin d'fhorbairt an linbh is rialú mothúcháin, i.e. an cumas mothúcháin a smachtú, taobh istigh agus taobh amuigh, chun spriocanna a bhaint amach, agus an cumas mothúcháin a aithint agus a ainmniú sa duine féin agus i ndaoine eile. I measc na ngnéithe eile ina dteastaíonn eolas ó thaighde tá scileanna déileála an linbh, neamhspleáchas, caidrimh (go háirithe le tuismitheoirí), féinmhuinín, féiniúlacht agus iompair ar son na sochaí. Faoi láthair, tá trí mhúnla maidir le foghlaim agus forbairt an linbh a thugann bunús don chleachtas – teoiric Piagetian, teoiric idirghníomhach sochcúltúir Vygotskian agus teoiric próiseáil faisnéise. Taobh istigh den chreat teoirice seo,

tugann taighde léargas ar na bloic thógála a bhaineann le foghlaim ghníomhach lena n-áirítear fiosracht, fiosrú agus cuardach rudaí nua, inspreagadh agus dúthracht, meiteachognaíocht, réiteach fadhbanna agus an t-idirchaidreamh idir teanga agus smaointeoireacht.

Réimse nua atá ag teacht chun cinn ná an teoiric ar fhorbairt mhórála an linbh agus tá roinnt taighde déanta air seo in Éirinn. Tá an méid eolais atá againn in ann cur lenár dtuiscint ar fhás agus ar fhorbairt an linbh trí mhóráltacht a fhiosrú mar mhothúchán, mar rialú agus mar údarás, mar bhealach chun cloí le córas creidimh an duine féin agus na bealaí ina bhfeidhmíonn moráltacht an linbh ina fhorbairt iomlán. Níl teoiricí maidir le forbairt mhórála ar an bhfód i bhfad agus níl an taighde ar shaol spioradálta an linbh ann i bhfad ach an oiread. Mar sin féin, tá léargas le fáil ar an spioradáltacht mar chumas daonna agus mar ghné lárnach den fhorbairt iomlán.

### 3.2.1 Impleachtaí don CNC/COLO

*Ardchaighdeán a shainmhíniú:*

- 1 Tá soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán bunaithe ar phróifil láidreachtaí agus riachtanais an linbh.
- 1 Tá an leanbh gníomhach ina fhoghlaim agus ina fhorbairt féin agus bíonn deis aige rogha agus neamhspleáchas a úsáid.
- 1 Tá tuiscint agus eolas ag cúramóirí agus daoine fásta ar thaighde agus teoiric reatha maidir le forbairt an linbh.
- 1 Tuigeann cúramóirí agus daoine fásta imthosca shaol an linbh agus tá saineolas acu chun tionchar na n-imthosca seo a thuiscint agus a aithint.
- 1 Tá an ceart ag an leanbh seirbhís ar ardchaighdeán a fháil a thugann tús áite dá shuimeanna agus dá leas.

*Ardchaighdeán a mheas:*

- 1 Caithfear tuairim an linbh a fháil agus a chur san áireamh, ar bhealach a oireann don aois agus don chomhthéacs i rith na measúnachta.

*Tacaíocht a thabhairt d'ardchaighdeán:*

- 1 Tá cáilíochtaí agus oiliúint cleachtóirí ar thuiscint ar fhorbairt an linbh agus ardleibhéal i saineolas gairmiúil riachtanach chun seirbhísí leanbh-lárnacha ar ardchaighdeán a sholáthar.

### 3.3 Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch

Tá impleachtaí aige seo don tseirbhís a chuirtear ar fáil ó thaobh leanúnachas an chúraim agus an t-athrú ón mbaile go timpeallacht eile agus ón réamhscoil go dtí an scoil. Tá cumarsáid idir tuismitheoirí agus cúramóirí eile chomh tábhachtach céanna chun tacú le tuiscint agus eolas ar fhorbairt iomlánaíoch an linbh. Caithfidh an timpeallacht (coibhneasta, fisiciúil agus cultúrtha) ina bhfeidhmíonn an leanbh a bheith ag teacht leis an tuiscint agus an t-eolas sin ar an leanbh a léiriú.

Tá ról lárnach ag an Stát i bhforbairt iomlánaíoch an linbh a chur chun cinn, a thacú agus a chinntiú trí sholáthar agus beartais chomhordaithe. Ba chóir na freagraí ar riachtanais an duine, go háirithe sa chás go bhfuil riachtanais bhreise ag an leanbh mar gheall ar mhíbhuntáiste, míchumas nó cás eile, a aithint i gcomhthéacs na bhfoirne ildisciplíneacha. Ba chóir d'fhoirne mar sin feidhmiú, ní mar dhaoine aonair a bhreathnaíonn ar an leanbh ina nduine agus ina nduine, ach mar aonad solúbtha a thugann tacaíocht don leanbh i gcomhthéacs an teaghlaigh.

Ní fhéadfaidh cúram agus oideachas fanacht mar dhá thaithí ar leithligh i saol an linbh. Tá forbairt éagsúil an linbh gaolta lena chéile, agus scileanna smaointeoireachta an linbh ceangailte lena chéile, mar sin tá agus taithí an linbh ar an saol. Níor chóir an taithí sin a roinnt i struchtúir agus comhthéacsanna chun an leanbh a chothú. Faoi pheirspictíocht iomlánaíoch ar sholáthar ardchaighdeán caithfear gach peirspictíocht a chur san áireamh agus na peirspictíochtaí sin a chur san áireamh mar pheirspictíochtaí an linbh, na dtuismitheoirí, an lucht gairme, na gcomhlachtaí stáit, mar pheirspictíocht amháin.

Tá neart taighde déanta ar an ngaol idir taithí an linbh ar fhoghlaim agus forbairt.

Feabhsaíonn gníomhaíocht fhisiciúil i luathbhlianta an linbh an fhorbairt shochmhothálach, chognaíoch agus fhisiciúil iomlán, agus cruthaíonn sé pátrún do ghníomhaíochtaí amach anseo. Cuireann caidrimh, bunaithe ar mhúinín agus sábháilteacht, forbairt dhearfach chun cinn i leanaí óga. Tá fianaise ann go gcuireann caidreamh inniúlacht shóisialta agus forbairt chognaíoch chun cinn agus go gcuireann siad tús le múinín an linbh. Chomh maith leis sin, tá an tionchar ag inspreagadh agus dúthracht ar fhorbairt chognaíoch agus inniúlacht suntasach. Léiríonn an dá phríomhghné – tionchar géiniteach agus sóisialaithe – a imríonn tionchar ar inspreagadh, an gaol idir nádúr agus cothú. D'fhéadfadh forbairt spioradálta na hóige ár tuiscint ar phróisis lárnach maidir le forbairt an linbh a fheabhsú agus a láidir. Deir taighde reatha go bhfuil forbairt spioradálta chomh tábhachtach céanna le leas pearsanta agus sóisialta chomh maith le gnéithe fisiciúla, cognaíoch agus mothálacha na forbraíochta.

### 3.3.1 Impleachtaí don CNC/COLO

*Ardchaighdeán a shainmhíniú:*

- 1 Tarlaíonn foghlaim agus forbairt an linbh go hiomlánaíoch agus teastaíonn tacaí éagsúla chun é seo a léiriú.
- 1 Téann cúram agus oideachas an linbh lámh ar lámh.
- 1 Teastaíonn leanúnachas idir comhthéacsanna éagsúla an linbh ó sholáthar ar ardchaighdeán.
- 1 Roinneann tuismitheoirí agus daoine fásta eile a thacaíonn le forbairt an linbh a n-eolas agus a dtaithí ar an leanbh.
- 1 Sa chás go bhfuil riachtanais bhreise ag leanaí mar gheall ar mhíbhuntáiste nó míchumas, caithfidh idirghabháil a bheith bunaithe ar fhorbairt iomlánaíoch an linbh.
- 1 Caithfidh forbairtí beartais comhordú a chur chun cinn sa soláthar do leanaí óga.

*Ardchaighdeán a mheas:*

- 1 Caithfear dul chun cinn an linbh a mheas go leanúnach ar roinnt bealaí,

agus an t-eolas a bhailítear a chur ar fáil do na daoine fásta cuí atá ag obair leis an leanbh.

- 1 Caithfear cáilíocht an phróisis, is é sin cáilíocht na n-idirghabhálacha idir an leanbh agus na daoine fásta, agus an leanbh agus leanaí eile, a chur san áireamh i nósanna imeachta measúnachta.
- 1 Caithfear na córais a úsáidtear chun dul chun cinn an linbh a mheas a áireamh sa mheasúnacht iomlán.

*Tacaíocht a thabhairt d'ardchaighdeán:*

- 1 Beidh gá le forbairt, oiliúint agus meantóireacht ghairmiúil leanúnach chun ardleibhéal na scileanna agus saineolas a theastaíonn chun freagra iomlán a thabhairt ar an leanbh a chothú.
- 1 Beidh maoiniú ag teastáil chun a chinntiú go bhfreagróidh an timpeallacht taobh istigh agus taobh amuigh do leasanna an linbh.

### 3.4 Timpeallachtaí foghlama agus forbartha

Faigheann an leanbh cleachtadh ar a timpeallacht ar roinnt bealaí gaolta lena chéile ag brath ar a cás féin – an timpeallacht fhisiciúil (e.g. taobh istigh agus amuigh, baile agus taobh amuigh de), an timpeallacht ghaolmhar (e.g. tuismitheoirí, teaghlach, cairde, cúramóirí, pobal, comharsanacht, daoine eile suntasacha) agus an timpeallacht chultúrtha (e.g. éagsúlacht, leatrom, féiniúlacht, míbhuntáiste, aicme shóisialta, cine, eitníochas). Déileálfar leis an timpeallacht fhisiciúil anseo mar go ndéileálfar leis na timpeallachtaí eile ar ball.

Agus an timpeallacht fhisiciúil á plé, ba chóir breathnú uirthi mar leanúnachas chun taithí saoil an linbh a léiriú. Clúdaíonn sé seo taithí sa bhaile agus taobh amuigh de, taobh istigh agus taobh amuigh, na timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha, spásanna beaga agus móra, spásanna poiblí agus príobháideacha agus gach spás agus áit eile ina ngluaiseann an leanbh. Ba chóir go mbeadh fáil ag an leanbh ar thimpeallacht struchtúrtha (e.g.

spraoi pháirceanna) agus neamhstruchtúrtha (e.g. páirceanna, coillte, gairdíní cúil).

Mar chuid lárnach den choincheap seo caithfear a aithint go bhfuil an leanbh féin gníomhach ina foghlaim agus forbairt féin, go hiomlánaíoch. Ba chóir go léireodh na comhthéacsanna fisiciúla, ina bhfaigheann an leanbh míniú, na prionsabail a bhaineann le leanbhlárnachas agus forbairt iomlánaíoch. Féadtar gníomhaíocht an linbh a léiriú ar bhealach dinimiciúil, agus is gnéithe den ghníomhaíocht sin páirtíocht, fionnachtain, neamhspleáchas, deiseanna, tástáil, fiosrú, dúthracht agus fiosracht. Sa deireadh thiar thall, ba chóir go dtabharfadh an t-idirghníomhú idir an leanbh agus an timpeallacht sásamh don leanbh.

Ba chóir go n-éascódh na timpeallachtaí struchtúrtha chun riachtanais an linbh a chomhlíonadh, cur chuige gníomhach an linbh maidir le foghlaim go sábháilte, ach le méid oiriúnach riosca i gceist. Is féidir le méid áirithe riosca dúshlán a chur ar an leanbh agus scóip a thabhairt dó féinmhuinín agus neamhspleáchas a úsáid, do réiteach fadhbanna chun deacrachtaí a shárú agus smacht a thabhairt ar an toradh. Ba chóir go gcothódh an timpeallacht comhoibriú idir an leanbh agus leanaí eile i ngrúpaí beaga, agus ba chóir go mbeadh na grúpaí sách beag agus dóthain daoine fásta/leanaí ann chun é seo a dhéanamh go héasca.

Ba chóir go spreagfadh an timpeallacht fiosracht, rogha, suimeanna agus ba chóir go mbeadh sí éagsúil agus dinimiciúil ach nach mbeadh an iomarca ann don leanbh. Féadfaidh cúramóirí agus daoine fásta eile, mar shampla, an domhan a úsáid mar spreagadh don leanbh, i dtreo na cruthúlachta, mar chomhthéacs do ghníomhaíochtaí agus spraoi agus mar leanúnachas idir an baile agus taobh amuigh de. Arís, chun a leithéid a phleanáil, caithfear tosú leis an leanbh, a riachtanais, a suimeanna a foghlaim etc. Tá sé seo fíor go háirithe maidir leis an timpeallacht taobh istigh agus amuigh seachas sa bhaile a phleanáil, agus ba chóir go mbeadh fáil ag an leanbh ar spraoi taobh amuigh gach lá. Chun an timpeallacht struchtúrtha a phleanáil, ba chóir nádúr iomlánaíoch na foghlama agus na trealamh na gníomhaíochtaí, agus ba chóir go mbeadh deis ag an leanbh na hearraí sa

timpeallacht a úsáid chun ciall a bhaint as rudaí.

Tá a chuid riachtanas féin ag gach leanbh, agus ba chóir go mbeadh an timpeallacht solúbtha agus inoiriúnaithe chun fáilte a chur roimh leanaí le riachtanais speisialta. Ba chóir don timpeallacht fhisiciúil, pé gné de atá i gceist, neart acmhainní a bheith aici, a bheith solúbtha agus uilechuimsitheach. Caithfidh sí riachtanais na rialachán cuí a chomhlíonadh agus trealamh inoiriúnaithe a bheith inti chun a bheith éasca le húsáid don leanbh le riachtanais speisialta mar gheall ar mhíchumas. Maidir le gach leanbh, cuid thábhachtach de shaol an linbh is ea cothú sláinte sa timpeallacht, cosúil le beartas bia sláinte, gníomhaíocht fholláin a chur chun cinn agus cúram pearsanta (e.g. sláinteachas pearsanta, níochán fiacla).

Tugann an litríocht ar fhorbairt an linbh treo tábhachtach ar thacaí na timpeallachta a théann chun tairbhe d'fhorbairt iomlánaíoch leanaí óga. Sampla amháin is ea tábhacht an bhricefaista (i gcomhthéacs cothú iomlán sláintiúil) ar mhaithe le leas iomlán an linbh. Sampla eile den tacaíocht sa timpeallacht is ea clubanna bricefaista agus bricefaista do leanaí i timpeallachtaí taobh amuigh den bhaile. Tá baint láidir ag áiseanna agus meonta in ionaid chúram leanaí, réamhscoileanna, scoileanna agus timpeallachtaí eile taobh amuigh den bhaile le gníomhaíocht fhisiciúil leanaí óga, go háirithe maidir le timpeallacht taobh istigh agus amuigh a eagrú.

Tá neart fianaise ann go mbíonn tionchar ag spásanna poiblí sa phobal ar dheiseanna leanaí gníomhú le leanaí eile, agus gur gné de shaol leanaí na hÉireann gan a leithéid a bheith ann. Tá tacaí timpeallachta mar seo an-tábhachtach, mar a léiríonn teoricí reatha ar fhorbairt mhothálach. Breathnaíonn an cur chuige feidhmeach ar fhorbairt mhothálacha ar mhothúcháin mar rud a eascraíonn ó idirghníomhú leanúnach idir an duine agus an timpeallacht. Cuireann caidreamh agus timpeallacht thacúil sa phobal, go háirithe maidir le leanaí le riachtanais speisialta agus iad siúd a bhfuil dúshlán rompu, cumas éifeachtach chun cinn. Cuireann timpeallacht spreagúil, roghanna ciallmhara do leanaí óga agus tascanna neamhspleáchas agus inspreagadh chun cinn i measc leanaí óga. Baineann timpeallachtaí réamhscoile agus scoile agus stíleanna idirghníomhartha na

ndaoine fásta le dearcaí i leith neamhspleáchais.

Léiríonn an litríocht ar fhiosracht, fionnachtain agus cuardach rudaí nua gur chóir don timpeallacht foghlama a bheith éagsúil, dinimiciúil agus struchtúrtha chun fiosracht a spreagadh agus fionnachtain a thacú gan teacht trasna ar iarracht an linbh iad a phróiseáil. Baineann spreagadh an linbh atá ag forbairt leis an mian máistreacht a fháil ar a timpeallacht, go háirithe an timpeallacht fhisiciúil. Deir teoricí na forbraíochta mórálta linn má bhíonn luach ag an leanbh ar an timpeallacht go mbeidh meas aige ar an domhan mar fhoinsé iontais.

### 3.4.1 Impleachtaí don CNC/COLO

*Ardchaighdeán a shainmhíniú:*

- 1 Teastaíonn rochtain ón leanbh ar réimse timpeallachtaí idir taobh amuigh agus istigh, tógtha, nádúrtha etc.
- 1 Caithfidh an timpeallacht fhisiciúil taobh amuigh den bhaile a bheith deartha go cúramach ar mhaithe le solúbthacht, spreagadh agus dul i ngleic dinimiciúil an linbh.
- 1 Caithfidh an timpeallacht riosca beag a chur ar fáil don leanbh.

*Ardchaighdeán a mheas:*

- 1 Cé go gcaithfidh an timpeallacht fhisiciúil taobh amuigh den bhaile caighdeán sláinte agus sábháilteachta chuí a chomhlíonadh, caithfidh ról na timpeallacht tacú le foghlaim an linbh a bheith mar chuid den phróiseas measúnachta.

*Tacaíocht a thabhairt d'ardchaighdeán:*

- 1 Teastóidh acmhainní a oirfidh don timpeallacht a bheidh solúbtha do riachtanais an linbh.
- 1 Teastóidh acmhainní chun an timpeallacht taobh amuigh a fhorbairt agus a chinnteoidh go bhfuil fáil éasca ag an leanbh ar thimpeallachtaí taobh istigh agus amuigh.

- 1 Beidh gá le comhairle agus oiliúint ar an timpeallacht foghlama a phleanáil go leanúnach mar chuid den fhorbairt ghairmiúil iomlán.

### 3.5 Caidrimh i bhfoghlaim agus i bhforbairt

Is ionann an caidreamh a bhíonn ag an leanbh agus cuid lárnach den timpeallacht ina bhforbraíonn agus ina bhfoghlaimíonn an leanbh. Tuismitheoirí, deartháireacha, deirfiúracha, teaghlach, cairde, leanaí eile, cúramóirí agus daoine eile sa phobal a idirghníomhaíonn leis an leanbh atá i dtimpeallacht ghaolmhar an linbh.

Faigheann forbairt agus foghlaim iomlánaíoch an linbh an tacaíocht is fearr i gcaidreamh sábháilte, spreagúil a thugann tacaíocht agus cothú. Tá meas, cineáltacht, mothálacht, gnaíúlacht, comhbhrón agus cairdeas mar dhlúthchuid de seo. Ba chóir do chaidreamh cómhálartach a léiriú don leanbh go bhfuil meas uirthi, go bhfuil sí tábhachtach agus go gcloistear í i gcomhrá. Glactar leis go hiondúil, gurb iad an mháthair agus an t-athair na daoine is tábhachtaí i saol an linbh.

Tuismitheoirí is mó a imríonn tionchar ar shaol an linbh, agus is iad tuismitheoirí an linbh, go ginearálta, a thugann tacaíocht agus cothú dá forbairt iomlánaíoch. Chomh maith leis sin, is iad a thugann grá agus slándáil do shaol an linbh agus is mó a chuireann luach ar shásamh agus leas an linbh. Caithfear a aithint go bhfuil cásanna ann ina mbíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí a úsáideanna stíleanna tuimsitheoireachta dearfacha mar nach mbíonn a leanbh in ann an freagra céanna a thabhairt. Mar shampla, d'fhéadfadh sé seo tarlú i gcás linbh le riachtanais speisialta mar gheall ar mhíchumas nó mar gheall ar mheon an linbh féin. Caithfear a aithint chomh maith go mbíonn cásanna ann ina dteastaíonn tacaíocht ó thuismitheoirí, b'fhéidir mar gheall go mbíonn strus orthu i ngnéithe eile dá saolta agus ní bhíonn siad in ann a bheith ina dtuismitheoirí dearfacha. Sa chás seo, agus i gcásanna eile cosúil leis, teastaíonn tacaíocht ó thuismitheoirí i gcomhthéacs an teaghlaigh agus an phobail. Caithfidh an tacaíocht seo a bheith teaghlach-bhunaithe agus caithfidh leas an linbh a bheith lárnach.

D'fhéadfadh caidreamh cómhálartach le deartháireacha, deirfiúracha agus leanaí eile

a bheith ina fhoinsé thábhachtach cairdis agus tacaíochta do leanaí óga. Tá an caidreamh seo in ann réasúnaíocht mhórálta, scileanna réiteach coimhlinte agus tuiscint shóisialta a chur chun cinn i leanaí an-óg. Tá gníomhaíochtaí spraoi le leanaí in ann iompar sóisialta a fhorbairt, cosúil le roinnt agus comhoibriú. Tá caidreamh le deartháireacha agus deirfiúracha in ann tacaíocht agus cosaint a thabhairt ar feadh an tsaoil i ndroch-chásanna. Léiríonn leanaí suim i leanaí eile fiú sula mbíonn siad dhá bhliain d'aois, agus bíonn géarghá acu le leanaí agus cairde le spraoi leo, mar go bhfeabhsaíonn an caidreamh seo féinmhuinín agus féinmheas an linbh. Níor chóir do dhaoine fásta neamhshuim a dhéanamh don tábhacht a bhaineann le cairde agus cairdeas an linbh óig. Caithfidh daoine fásta cairdeas an linbh a éascú, agus, go háirithe, i dtimpeallachtaí taobh amuigh den bhaile, caidreamh idir na leanaí agus an cúram a chothú.

Maidir leis na daoine fásta suntasacha a idirghníomhaíonn leis an leanbh taobh amuigh den baile chun tacú le foghlaim agus forbairt, is sa chaidreamh duine fásta/leanbh a tharlaíonn go leor den fhoghlaim. Tá stíleanna idirghníomhaíochta an duine fásta, mar ghné den timpeallacht, ríthábhachtach. Caithfidh an duine fásta tosú ó shuim an linbh ina cásanna gníomhaíochta agus foghlama, béim a chur ar láidreachtaí agus inniúlachtaí an linbh, agus ag an am céanna cabhrú leis an leanbh déileáil le botúin trí fhadhbanna a réiteach, a bheith láidir agus go n-éireoidh léi arís. Chun caidreamh a chothú leis an leanbh, caithfidh an duine fásta torthaí a phlé, a cheistiú agus a chinneadh agus ciall a bhaint astu i gcomhar leis an leanbh. Is trí chaidreamh agus idirghníomhú an duine fásta/leanbh a fhaigheann an duine fásta deis feasacht chultúrtha a léiriú, uilechuimsitheacht a chleachtadh agus múnlaí dearfacha éagsúlachta a chur chun cinn.

Cosúil leis an timpeallacht fhisiciúil, is aonad atá sa timpeallacht ghaolmhar. Tá impleachtaí aige seo do chúramóirí, soláthróirí seirbhíse, múinteoirí agus daoine fásta eile i dtimpeallacht ghaolmhar an linbh. Teastaíonn cumarsáid agus comhpháirtíocht idir na daoine fásta chun leanúnachas a theastaíonn chun taithí iomlánaíoch a fháil ar an saol a thabhairt don leanbh. Caithfear a rá arís nach féidir cúram agus oideachas a

scaradh óna chéile, ach a bheith ina dtaithe chomhtháite don leanbh.

Braitheann an leanbh go mór ar dhaoine eile sna chéad bhlianta, agus bíonn ról áirithe ag tuismitheoirí agus cúramóirí i bhfoghlaim agus i bhforbairt. Tá freagracht orthu timpeallacht spreagúil a sholáthar ina n-úsáidtear an cúram mar dheis an caidreamh leis an leanbh a fhorbairt. Deiseanna a bhíonn anseo freisin chun forbairt teanga agus chognaíoch a chothú.

Sa tréimhse seo, is de bharr na ndaoine fásta ina saol, na tuismitheoirí go háirithe, a fhaigheann an leanbh aon taithí. Tá impleachtaí praiticiúla aige seo, mar shampla, cinneann feasacht na dtuismitheoirí agus a meon i leith seirbhísí cúram sláinte rochtain an linbh ar chúram sláinte. Is trí chaidrimh dhinimiciúla agus chómhálartacha a fhorbraíonn an leanbh tuiscint agus rialáil mhothálach. Chomh maith leis sin, cuireann caidrimh ghaolmhara dhearfacha forbairt na scileanna dearfacha déileála chun cinn. Chun tuilleadh forbraíochta a dhéanamh, teastaíonn creat teolaí leanúnach ón leanbh chun caidrimh a chruthú, agus bíonn feidhm ag idirghníomhú dinimiciúil le daoine eile ar fhorbairt spioradálta. Tá neart samplaí eile den chaoi a n-imríonn caidrimh an linbh tionchar ar a forbairt iomlánaíoch, agus tá caidrimh dhearfacha, chómhálartacha thar a bheith tábhachtach.

### 3.5.1 Impleachtaí don CNC/COLO

*Ardchaighdeán a shainmhíniú:*

- 1 Is sa teaghlach agus sa phobal atá an tacaíocht is fearr d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an linbh.
- 1 Déileálann na daoine fásta taobh amuigh den bhaile leis an leanbh in idirghníomhú cómhálartach bunaithe ar chomhpháirtíocht.
- 1 Tá cumarsáid agus comhpháirtíocht idir tuismitheoirí agus daoine fásta sna timpeallachtaí eile seo ríthábhachtach.
- 1 Ba chóir go gcuirfeadh seirbhísí agus áiseanna do theaghlaigh agus leanaí riachtanas an linbh deiseanna a fháil a bheith le leanaí eile san áireamh.
- 1 Teastaíonn admháil ar dheacrachtaí i gcuidrimh a d'fhéadfadh cur isteach ar



an leanbh a bheith i gceist le soláthar ar ardchaighdeán.

*Ardchaighdeán a mheas:*

- 1 Ba chóir córais, gnáthaimh agus prótacail chun tacú le caidrimh idir suímh sa bhaile agus taobh amuigh de a bheith curtha san áireamh i nósanna imeachta measúnachta.
- 1 Caithfidh an mheasúnacht an t-idirghníomhú a tharlaíonn idir an leanbh agus an duine fásta, idir an leanbh agus leanaí eile agus i measc daoine fásta a chur san áireamh.
- 1 Ba chóir prótacail chun déileáil le cásanna ina mbíonn caidrimh dhiúltacha ag leanbh, mar shampla, bulaíocht nó mí-úsáid, a chur san áireamh sa mheasúnacht.
- 1 Ba chóir gur comhoibriú a bheadh i gceist leis an measúnacht, rud a léireodh an timpeallacht ghaolmhar a tharlaíonn.

*Tacaíocht a thabhairt d'ardchaighdeán:*

- 1 Ba chóir gur cuid den oiliúint réamhsheirbhíse agus inseirbhíse do bhainisteoirí agus daoine gairmiúla eile in earnáil an COLO a bheadh i ndea-chaidreamh oibre na foirne.
- 1 Ba chóir roinnt dea-chleachtas, straitéisí éifeachtacha agus modhanna praiticiúla chun páirt a thabhairt do thuismitheoirí agus dea-chumarsáid a chur chun cinn idir timpeallachtaí baile agus taobh amuigh de, a éascú trí líonraí cleachtóirí agus/nó meantóireacht ghairmiúil.

**3.6 Éagsúlacht i bhfoghlaim agus i bhforbairt**

Is é féiniúlacht an linbh an éagsúlacht is mó i measc leanaí. Téann féiniúlacht agus éagsúlacht lámh ar lámh i dtaithí saoil an linbh. Ba chóir go ndéanadh na daoine fásta i saol an linbh an fhéiniúlacht agus an éagsúlacht a cheiliúradh mar chuid den leanbh. Má bhíonn meas ar an bhféiniúlacht, cuirfear le prionsabail an leanbhlárnachais i gcaidrimh chómhálartacha leis an leanbh.

Mar dhuine, tá cearta ag an leanbh a chaithfear a chomhlíonadh agus tá ról ag daoine fásta na cearta sin a chosaint. Duine ann féin gach leanbh agus tréithe éagsúla aige; mar shampla, suimeanna, bealaí foghlama, iompar, teaghlach, cine, eitneach, inniúlachtaí, riachtanais, imthosca socheacnamaíocha, inscne agus teanga. Idirghníomhaíonn agus nascann na gnéithe seo ar fad chun duine a chruthú a fhorbraíonn ar bhealach a léiríonn gur duine inti féin í. Tá sé tábhachtach go gcuirfí an fhéiniúlacht seo san áireamh agus an bealach is fearr chun soláthar a dhéanamh don leanbh, sa bhaile nó taobh amuigh de, á chinneadh. Caithfidh an timpeallacht – ghaolmhar, fhisiciúil agus chultúrtha – a bheith solúbtha agus freagrach chun an leanbh a áireamh. Tá an leanbh, freisin, gníomhach sna timpeallachtaí sin. Caithfidh sí a bheith in ann rogha a dhéanamh agus torthaí ina saol féin a smachtú, agus, dá bhrí sin, caithfidh siad siúd a dhéanann na cinntí éisteacht léi agus í a chloisteáil.

Má aithnítear go bhfuil cearta ag an leanbh tá dualgas ar na daoine fásta cearta na leanaí chuig taithí agus seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú. Teastóidh reachtaíocht agus athrú ar an gcóras uaidh seo. Teastaíonn eolas agus tuiscint ar thaithí an linbh chun gníomhú ar a son. Tagann ceart an linbh tacaí ar ardchaighdeán a fháil roimh a saol a úsáid mar idirghabháil chun spriocanna a bhaint amach nach mbaineann leis an leanbh. Ba chóir go dtosódh seirbhís ar ardchaighdeán, is é sin idirghabháil spriocdhírithé nó gné eile den soláthar in aon timpeallacht, leis an leanbh. Ba chóir dó díriú ar thorthaí an linbh agus ar na próisis a tharlaíonn trí ghnéithe éagsúla den timpeallacht chun tacú leis an leanbh agus an leanbh a chothú.

Chomh maith le prionsabail na próifíle tá an tuiscint go bhfuil gach leanbh éagsúil. Ní hionann éagsúlacht agus leanbh a chur i gcatagóir mar gheall ar riachtanais speisialta, mar shampla, de bharr míchumais, cúlra eitnigh nó míbhuntáiste. D'fhéadfadh sé sin ar fad a bheith i saol an linbh, chomh maith le tréithe agus taithí eile – mar a luaitear thuas. Ba chóir glacadh leis an éagsúlacht sin agus ba chóir do dhaoine fásta oibriú le feasacht chultúrtha, chun timpeallacht inoiriúnaithe a sholáthar, chun cumais a aithint, chun bheith ina rólchuspaí dearfacha agus chun iompar frithleatroma a chur chun cinn. Ba chóir iompar mar seo a bheith

forleathan fiú i dtimpeallachtaí ina mbeadh homaigineachais le feiceáil. D'fhéadfadh, mar shampla, scoileanna inscne amháin nó timpeallachtaí ina dtagann na leanaí ón gcúlra cultúrtha céanna a bheith i gceist anseo. Caithfidh an leanbh tacaíocht a fháil i gcaidrimh le leanaí eile chun tuiscint agus comhoibriú a bhaint amach. Caithfidh an leanbh fios a bheith aici go bhfuil meas uirthi, agus ar a máthairtheanga agus go bhfaighidh sí tacaíocht agus an dara teanga á foghlaim aici. Caithfidh a cultúr a bheith feiceálach agus mar chuid riachtanas chun tacú lena féiniúlacht. Caithfidh a cuid riachtanas a bheith aitheanta agus comhlíonta i gcomhthéacs na forbairt iomlánaí.

Mar a leagtar síos i gCaibidil 3, is cuid aitheanta den saol, agus de shaol an linbh, an éagsúlacht sa tsochaí. Má chuirtear eolas ar shaol an linbh beidh freagraí sonracha le tabhairt ar leanaí aonair. Mar shampla, b'fhéidir go gcaithfí aird ar leith a thabhairt ar leanbh i ndrochshláinte mar gheall ar mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus/nó cultúrtha. In Éirinn, tá leanbh gan dídeán nó sa Lucht Siúil i mbaol drochshláinte, agus tá ceann de na rátaí bochtaine is airde i measc leanaí na hEorpa in Éirinn.

Tá neamhspleáchas lárnach chun cumhacht a thabhairt d'aon leanbh, agus b'fhéidir níos lárnaí arís maidir le leanaí imeallaithe, iad siúd faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus iad siúd le riachtanais speisialta. Dá bharr sin, teastaíonn trealamh agus timpeallacht inoiriúnaithe, agus feiliúnach d'aois, leibhéal riachtanais agus cúlra eitneach chun go mbeidh gach leanbh in ann an domhan a úsáid, a fhiosrú agus a thástáil. Tá neart taighde déanta ar fhéiniúlacht eitneach; in Éirinn, mar shampla, tá litríocht le fáil ar chultúr an Luchta Siúil. Caithfidh oiliúint agus tacaíocht do chleachtóirí agus daoine fásta eile eolas agus saineolas a thabhairt dóibh, bunaithe ar na hábhair sin, chun déileáil le próifíle éagsúla na leanaí agus straitéisí a aithint chun freagra cuí a thabhairt orthu. Ar ndóigh, áfach, d'fhéadfadh an leanbh seasamh ina choinne seo, agus ba chóir an láidreacht sin a chothú. Ní bhíonn an leanbh éigniómhach san idirghabháil seo ach bíonn sí gníomhach in aon chlár den sórt sin.

Ceann de na gnéithe is soiléire den éagsúlacht is ea teanga. Tá stair dátheangachais in Éirinn agus neart taithí

aici ar an dara teanga a fhoghlaim. De réir a chéile, tá riachtanais teanga leanaí na hÉireann ag méadú mar atá an réimse teangacha in úsáid mar chéad agus mar dara teanga. Is cosúil go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach tacú le céad teanga an linbh chun an dara teanga a fhorbairt. Tá impleachtaí aige seo maidir le tacaíocht a thabhairt i bhfoirm cúramóirí agus cúntóirí ranga a labhraíonn céad teanga an linbh sa chás go bhfuil an tseirbhís ar fáil i dteanga eile. Tá impleachtaí chomh maith do sheirbhísí maidir le caidrimh a chur in iúl a fhorbairt le tuismitheoirí agus teaghlaigh sa chás nach í teanga na seirbhíse a gcéad teanga.

Trí spraoi, féinráiteas agus fiosrú treoraithe, faigheann leanaí eolas ar stair, féiniúlacht agus traidisiún cultúrtha chomh maith lena scil spraoi agus forbairt go cruthaitheach a fhorbairt. I gcur chuige iomlánaíoch maidir le forbairt agus foghlaim i suímh oideachais, ta sé ríthabachtach go mbeidh leanaí óga páirteach i ngníomhaíochtaí a cheadóidh dóibh áilleacht agus éagsúlacht na timpeallachta a aithint agus meas a bheith acu air trí ghníomhaíochtaí i lár na ngníomhaíochtaí cultúrtha e.g. insint scéalta, drámaí, ceol agus damhsa.

### 3.6.1 Impleachtaí don CNC/COLO

*Ardchaighdeán a shainmhíniú:*

- 1 Tá a láidreachtaí, inniúlachtaí agus riachtanais féin ag gach leanbh a chaithfidh an duine fásta a aithint chun straitéisí a fhorbairt mar is cuí. Tá sé seo i gceist ag gach leibhéal, ó fhorbairt beartais agus reachtaíochta go soláthar laethúil seirbhíse
- 1 Caithfidh cleachtóirí agus daoine fásta eile cleachtas uilechuimsitheach agus frithleatrom a chleachtadh agus feacht ar éagsúlacht a chur chun cinn, d'ainneoin éagsúlachta cultúrtha nó eile a bheith sa timpeallacht sin.
- 1 Caithfidh tuiscint chultúrtha a bheith mar chuid de na caidrimh sna timpeallachtaí COLO, agus beidh cultúr an linbh a dhéanamh sofheicthe sa timpeallacht mar chuid de seo.

*Ardchaighdeán a mheas:*

- 1 Sa chleachtas cleachtóra beidh cinneadh ar an gcaoi a chuireann idirghníomhú agus caidrimh comhbhrón agus tuiscint chun cinn i measc leanaí.
- 1 Ba chóir córais, gnáthaimh agus prótacail chun freagra a thabhairt ar an tionchar ag cúlraí éagsúla cultúrtha i measc tuismitheoirí ar chumarsáid agus comhpháirtíocht a bheith san áireamh sa mheasúnacht.
- 1 Ba chóir íomhánna, trealamh agus ábhar a cuireadh ar fáil agus an leibhéal a léiríonn siad na riachtanais agus féiniúlachtaí éagsúla a bheith sa mheasúnacht.
- 1 Ba chóir don mheasúnacht luacháil a dhéanamh ar na bearta a dhéanann cleachtóirí chun aithne a chur ar na smaointe agus cleachtais chultúrtha a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó na smaointe agus cleachtais sa timpeallacht.

*Tacaíocht a thabhairt d'ardchaighdeán:*

- 1 Ba chóir acmhainní a chur ar fáil a léiríonn réimse féiniúlachtaí cultúrtha, inscne, leibhéal cumais etc. le húsáid le gach leanbh
- 1 B'fhéidir go mbeadh tacaíocht ó chleachtóirí agus daoine fásta suntasacha chun a meonta dearfacha féin i leith éagsúlachta sa phobal agus sa timpeallacht a fhorbairt
- 1 Déanfar tacaíocht do leanaí agus deachleachtas, straitéisí agus modhanna a roinnt, chomh maith le faisnéis, ábhar oiriúnach, acmhainní agus tacaíocht a roinnt trí líonraí áitiúla gairmiúla.

### 3.7 Cumarsáid i bhfoghlaim agus i bhforbairt

Is éard a thuigtear le cumarsáid anseo ná cómhálart taithí daonna idir daoine. Caithfidh gach leanbh páirt a ghlacadh anseo. Tá níos mó ná teanga i gceist le cumarsáid – tá tuismitheoir in ann grá, compord agus deimhniú a chur in iúl trí bharróg, nó níos éifeachtaí, gan focail a úsáid. Caithfidh leanbh gan teanga, mar shampla, mar gheall ar mhíchumas, tacaíocht a fháil chun modh cumarsáide a thuigfear a fhorbairt. Tuigtear

go bhfuil cumarsáid, cosúil leis na téamaí eile anseo, ceangailte le gach gné den fhorbairt agus le gach téama eile.

Cé go nasctar cumarsáid le teanga labhartha den chuid is mó, tá go leor bealaí cumarsáide eile ar fáil; tugann teicneolaíochta modhanna eile seachas labhairt, chomh maith le comharthaí láimhe, cumarsáid chómhálartach trí na céadfaí – mothú, amharc, boladh, éisteacht agus blas – féinráiteas trína healaíona etc. Caithfear tacaíocht a thabhairt do gach leanbh cumarsáid a dhéanamh ina timpeallacht ar an mbealach is oiriúnaí. I bhformhór na gcásanna, ciallóidh sé seo tacú leis an leanbh teanga a fhoghlaim, an chéad teanga, an dara teanga, nó dátheangachas agus teastaíonn leibhéal éagsúla tacaíochta i gcomhthéacsanna éagsúla. Mar shampla, tá éifeachtaí na n-imthosca faoi mhíbhuntáiste in ann cur isteach ar fhoghlaim an linbh agus b'fhéidir go dteastódh idirghabhálacha áirithe chun é sin a leigheas. Tá fadhbanna éisteachta in ann cur isteach ar chumas an linbh cumarsáid a dhéanamh. Tarlaíonn sé seo go minic mar sin tá sé thar a bheith tábhachtach leanaí a thástáil sna luathbhlianta. Teastaíonn idirghabhálacha áirithe ó leanaí ag foghlaim an Bhéarla mar dhara teanga. Tá an prionsabal lárnach mar a chéile, caithfidh gach leanbh cumarsáid chómhálartach a dhéanamh sa timpeallacht.

Tá cumarsáid, cosúil leis na téamaí eile, ceangailte le timpeallacht an linbh (fisiciúil, gaolmhar agus cultúrtha). Léiríonn sé féiniúlacht agus éagsúlacht taithí an linbh, agus tugann deis don leanbh a tuairim ar an domhan a chur in iúl, má éistítear leis an leanbh i gcomhthéacs cumarsáide. Tá cumarsáid sáite i bhforbairt shóisialta an linbh agus mar bhunús lena caidreamh le tuismitheoirí, deirfiúracha, deartháireacha, leanaí eile, daoine fásta, an teaghlach leathnaithe agus na caidrimh shóisialta eile a bheidh aici. Is mar seo, ansin, a bheidh na daoine fásta in ann tuiscint a fháil ar shaol agus ar phearsantacht an linbh. Trí chumarsáid, déantar caidreamh an linbh le tuismitheoirí, daoine fásta agus leanaí eile, rud atá riachtanach ar mhaithe le forbairt shláintiúil agus leas an linbh, a fhorbairt agus a chothú.

Tá stíleanna idirghníomhaíochta na ndaoine fásta atá ag tacú le foghlaim an linbh thar a bheith tábhachtach chun an leanbh a dhearbhu mar dhuine gníomhach a fhaigheann míniú. Tá sé riachtanach ar

mhaithe le héifeachtacht stíl idirghníomhaíochta an duine fásta, gur comhrá agus plé a bheidh sa chaidreamh leis an leanbh. Caithfidh daoine fásta cumarsáid a dhéanamh leis an leanbh ar bhealach a léireoidh comhbhá, comhbhrón, gnaíúlacht, mothálacht agus freagracht. Cuireann an chumarsáid seo le forbairt mhórálta an linbh agus, go háirithe, leis an gcaoi a bhreathnaítear éagsúlacht. Ach ba chóir don chumarsáid dúshlán a thabhairt don leanbh, ar bhealach a oireann don aois agus don fhorbairt, chun foghlaim, tuiscint agus ciall nua a fháil. Tagraíonn na leabhair ar fhorbairt spioradálta don leanbh mar fhealsúnaí nádúrtha. Cuirtear síos ar fhealsúnacht mar frithpháirteachas agus oscailteacht, ag spreagadh an linbh chun ceisteanna a chur, anailís a dhéanamh, smaoinemh agus fadhbanna a réiteach le daoine eile.

Gné riachtanach eile den chumarsáid leanúnach idir tuismitheoirí agus daoine fásta eile ná leas an linbh a chur chun cinn. Tá cumarsáid den sórt sin riachtanach chun tuiscint iomlán a fháil, mar shampla, ar imthosca an linbh, pearsantacht, cultúr, suimeanna; i bhfocail eile, comhtháthú agus leanúnachas iomlán ar shaol an linbh. Tá sé riachtanach chomh maith chun comhpháirtíocht a fhorbairt idir na timpeallachtaí baile agus taobh amuigh de, agus tábhachtach ó thaobh rannpháirtíocht na dtuismitheoirí. Mar a chéile, tá cumarsáid idir an fhoireann rithábhachtach i dtimpeallachtaí ina mbíonn níos mó ná duine amháin ag obair leis an leanbh – mar shampla ionad cúraim lae. Tá sé tábhachtach eolas ar an leanbh a roinnt, leanúnachas i gcomhlíonadh riachtanais an linbh a chothú agus a chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí ar fad ar fáil don fhoireann agus na taifid sin a choinneáil. Chun na críche sin, caithfear córais, gnáthaimh agus prótacail a bhunú chun cumarsáid agus roinnt faisnéise a éascú in ionaid taobh amuigh den bhaile. Chomh maith leis sin, beidh scileanna bainistíochta i gcumarsáid tábhachtach maidir le soláthar cáilíochta.

### 3.7.1 Impleachtaí don CNC/COLO

*Ardchaighdeán a shainmhíniú:*

- 1 Tá cumas cumarsáide an linbh cothaithe in idirghníomhaíochtaí cómhálartacha i gcaidrimh shábháilte.

- 1 Tá tacaí, ábhair, trealamh agus acmhainní ar fáil don leanbh chun cabhrú lena cumas cumarsáide.
- 1 Caithfear tacú le céad teanga an linbh agus í a fhorbairt, timpeallachtaí nach n-úsáideann céad teanga an linbh go laethúil san áireamh.
- 1 Tá córais, gnáthaimh agus prótacail i dtimpeallachtaí taobh amuigh den bhaile chun cumarsáid san fhoireann a éascú le daoine gairmiúla eile agus leis na tuismitheoirí.

*Ardchaighdeán a mheas:*

- 1 Sa chás go ndéantar measúnacht sheachtrach ar sheirbhís, caithfear cumarsáid shoiléir a dhéanamh ar an bpróiseas, agus idir agus i measc gach duine bainteach leis an bpróiseas.

*Tacaíocht a thabhairt d'ardchaighdeán:*

- 1 Ba chóir go mbeadh scileanna cumarsáide i gceist le hoiliúint bhainisteoirí.
- 1 Teastaíonn tacaíocht ó chumarsáid i measc na gcleachtóirí, mar shampla, líonraí, grúpaí oibre agus foilseacháin ghairmiúla.

### 3.8 Spraioi i gcomhar foghlama agus forbartha

Is trí spraioi a rachaidh an leanbh i ngleic lena forbairt iomlánaíoch féin. Níl an sainmhíniú amháin le fáil ar spraioi, ach ní theastaíonn sainmhíniú ón leanbh – sin a dhéanann sí. Is í deacracht a bhíonn an daoine fásta sainmhíniú a dhéanamh ar spraioi ná an chaoi go mbíonn úinéireacht ag leanaí ar an bpróiseas. B'fhéidir gur léargas é ar láithreach agus spontáineacht an spraioi, agus an oscailteacht agus solúbthacht a tharlaíonn agus leanaí ag spraioi. Is cinnte gur foinse áthais atá sa spraioi don leanbh, foinse iontais don duine fásta agus cuireann sé go mór le leas na leanaí.

Tá an ceart ag gach leanbh a bheith ag spraioi agus teastaíonn tacaíocht anseo ó dhaoine fásta, timpeallachtaí agus pobail. Cuid

riachtanach den luach ar an óige ná an tacaíocht do spraoi. Baineann sé seo, go háirithe, le spásanna poiblí spraoi agus áiseanna sa phobal.

Comhthéacs an-tábhachtach is ea an spraoi ina gcuirtear na réimsí gaolmhara den fhorbairt – fisiciúil, sochmhothálach, cognaíoch, morálta agus spioradálta – i bhfeidhm trí fhionnachtain, fiosrú, tástáil, dúthracht, cruthaitheacht agus fiosracht. I rith an spraoi, féadfaidh an leanbh a bheith léi féin nó i ngrúpa. Féadfaidh sí taithí agus eolas roimhe sin a úsáid agus scileanna cognaíocha a úsáid. Féadfaidh sí a céim forbraíochta féin a fhiosrú agus foghlaim nua a úsáid. Féadfaidh sí dul i ngleic le rudaí coincreideacha agus/nó smaointe. Féadfaidh sí mothúcháin agus cultúr a fhiosrú agus neamhspleáchas a fheidhmiú agus go leor eile.

Teastaíonn riosca áirithe ó ghníomhaíochtaí mar seo má tá siad chun bheith ag tástáil agus ag fiosrú – teastaíonn deacracht agus dúshlán chomh maith. Tá botúin agus frustrachas mar chuid den fhoghlaim agus den fhorbairt chomh maith. Caithfidh soláthar don spraoi – in aon chomhthéacs agus in aon aois – deiseanna riosca a thabhairt i dtimpeallacht atá an-sábháilte.

Bíonn an leanbh gníomhach i bpróiseas an spraoi í féin, agus éiríonn léi neamhspleáchas agus féinspleáchas a bhaint amach. Tá freagracht ar dhaoine fásta sa timpeallacht foghlama a chinntiú go bhfuil smacht ag an leanbh, go háirithe i gcás spraoi struchtúrtha chun cuspóirí foghlama a bhaint amach. Teastóidh saineolas ó na daoine sin chun ionchur cuí na ndaoine fásta sa spraoi a aithint chomh maith le foghlaim a phleanáil trí spraoi. Gné riachtanach eile d’oiliúint agus de shaineolas an chleachtóra ná aird a thabhairt ar an leanbh agus í ag spraoi. Gné shuntasach amháin de seo ná aird a thabhairt ar an máistreacht a bhíonn ag an leanbh ar spreagadh agus spriocanna a bhaint amach. Tá neart fianaise ann a deir má bhíonn duine marthanach le tasc áirithe go n-éireoidh leis a bheith inniúil ar an tasc sin. Chomh maith leis sin, beidh leanaí atá tiomanta don spraoi (ag léiriú spreagadh níos mó in ann foirmeacha níos sofaisticiúla den spraoi a léiriú.) Spreagann spraoi leanaí chun forbartha agus foghlama, agus feabhsaíonn sé pleanáil agus réiteach fadhbanna. Agus, is féidir leis leanaí a chumasú smaointe nua a

úsáid agus scileanna nua a chleachtadh. Is féidir leis teanga a chur chun cinn go cruthaitheach agus go solúbtha. Cuireann an litríocht béim ar spraoi ‘struchtúrtha’ agus gur chóir dó dúshlán intleachtúil a thabhairt don leanbh.

Cuireann spraoi féiniúlacht chasta an linbh féin agus éagsúlacht an ghrúpa in iúl. Luath go maith, tugann scileanna inbhraite an linbh an deis di breathnú ar an saol, feasacht air a léiriú agus páirt a ghlacadh ann. Caithfidh an leanbh óg, mar sin, spraoi le leanaí eile agus le daoine fásta agus, dá bhrí sin, iontas agus spreagadh sa saol a roinnt. Teastóidh deiseanna uathu áilleacht na timpeallachta a bhrath, a mhothú, a bhlaiseadh agus a fheiceáil. Caithfidh sí a bheith in ann an pobal agus an domhan a thuiscint de réir a haois.

Caithfidh an timpeallacht spraoi (fisiciúil, gaolmhar, cultúrtha) a bheith solúbtha agus inoiriúnaithe don duine agus don éagsúlacht, go háirithe i gcás leanaí le riachtanais speisialta mar gheall ar mhíchumas, míbhuntáiste nó imeallú cultúrtha. Braitheadh go raibh leanaí faoi mhíbhuntáiste láidir mar gheall ar ghníomhaíochtaí áirithe a rinne a dtuismitheoirí. Chosain tuismitheoirí a gcuid leanaí ó bhochtaine trí, mar shampla, ábhar foghlama spreagúil a thabhairt dóibh agus áit shábháilte spraoi agus thuig siad riachtanais a gcuid leanaí.

### 3.8.1 Impleachtaí don CNC/COLO

*Ardchaighdeán a shainmhíniú:*

- 1 Caithfidh gach soláthar do leanaí, áiseanna spraoi, deiseanna, tacaíocht, acmhainní agus aon riachtanas eile a chuirfidh spraoi chun cinn a sholáthar.
- 1 Caithfear an leanbh a spreagadh spraoi léi féin, le leanaí eile agus le daoine fásta.
- 1 Ba chóir deis a bheith ag leanbh spraoi i dtimpeallachtaí éagsúla.

*Ardchaighdeán a mheas:*

- 1 Ba chóir do ghnéithe sláinte agus sábháilteachta den mheasúnacht gan cur

isteach ar chumas an linbh dul i ngleic leis an timpeallacht.

*Tacaíocht a thabhairt d'ardchaighdeán:*

- 1 Caithfidh teoiricí agus cur chuige maidir le spraoi a bheith lárnach san oiliúint inseirbhíse do chleachtóirí COLO.
- 1 Ba choir tacaíocht a bheith ar fáil do chleachtóirí don spraoi, b'fhéidir ó chomhairleoir spraoi ag obair le grúpa seirbhísí.

### **3.9 Conclúid**

Duine ar leith, casta, iontach gach leanbh. Tá an t-uafás oibre déanta ar thaighde ar fhorbairt an linbh agus ar na próisis ar fad san fhorbairt sin. Ach, níl aon duine i ndiaidh gach rud a bhaineann le leanbh amháin a scríobh síos. B'fhéidir gurb é sin an fáth go mbíonn daoine fásta an-tógtha leis an óige. Tá sé tábhachtach agus teoiric na forbraíochta á staidéar againn nach ndéanaimid dearmad ar an leanbh.

## Roinn 4



### An Chonclúid

Tá peirspictíocht an Lárionaid leagtha amach sa cháipéis seo maidir leis an athrú atá tagtha ar an luath-óige in Éirinn le céad bliain anuas. Tá roinnt de na saincheistanna atá á bplé faoi láthair sa COLO in Éirinn luaite anseo. Tríd an míniú ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an linbh, tá peirspictíocht an Lárionaid ar nádúr gaolmhar na foghlama agus na forbraíochta léirithe. Den chuid is mó, mar sin féin, tá peirspictíocht an linbh agus na hóige léirithe.

Beidh forbairt an CNC/COLO mar thoradh amháin ar obair an Lárionaid. Den chéad uair riamh, beidh sraith de cháilíochtaí náisiúnta comhaontaithe in Éirinn. Is gá tionscnamh chomh tábhachtach leis sin a bheith le fáil trí chomhoibriú agus comhairle leis an lucht leasa. D'ainmnigh an Lárionad ceithre ghné den taighde a theastódh chun tacú leis an

CNC/COLO. Tá trí cinn de na gnéithe taighde seo críochnaithe agus foilsithe, mar seo a leanas;

- (a) *Spléachadh ar an Ardchaighdeán - Athbhreithniú ar Bheartas, Cleachtas agus Taighde Náisiúnta a bhaineann leis an Ardchaighdeán i gCúram agus Oideachas Luathóige in Éirinn 1990-2004 (CECDE, 2004a)*
- (b) *Ard-Chaighdeán Faoi Chaibidil: Tuarascáil ar Phróiseas Comharliúcháin ar Ard-Chaighdeán i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige - Achoimre Feidhmiúcháin (CECDE, 2004b)*
- (c) *Making Connections - A Review of International Policies, Practices and Research Relating to Quality in Early*

*Childhood Care and Education (CECDE, 2004c)*

Críochnaíonn foilsíú Oideachas na Luath-Óige in Éirinn - Fianaise agus Peirspictíocht na ceithre philéar. Tugann na ceithre cháipéis seo neart fianaise ar ghnéithe den soláthar cáilíochta ó réimse leathan peirspictíochtaí.

Tá an tuairim chéanna i gcónaí ag an Lárionad go dteastaíonn beartas náisiúnta comhordaithe ón earnáil COLO. Le deich mbliana anuas nó mar sin, agus athrú socheacnamaíoch ag tarlú, tá forbairtí móra déanta ar bheartas na leanaí óga. Tá na forbairtí seo léirithe i gcáipéisí cosúil leis an Straitéis Náisiúnta Leanaí (DJELR, 1999), an Páipéar Bán ar Oideachas na Luath-Óige,

Ready to Learn (DES, 1999a) agus an Straitéis Náisiúnta Leanaí, Our Children, Their Lives (DHC, 2000). Chomh maith leis sin, mar a luadh roimhe seo, chuir an cháipéis ar luathfhoghlaim I dTreo Creata don Luathfhoghlaim (NCCA, 2004) leis an mbeartas ar leanaí óga. Oibríonn peirspictíocht an Lárionaid go maith sa cháipéis seo.

Tá an pheirspictíocht ar fhorbairt agus foghlaim an linbh, mar a thugann an Lárionad í, ar fáil anois le scrúdú agus le plé, do dhuine ar bith a bhfuil suim acu sa COLO in Éirinn. Cuireann díospóireacht leanúnach bheo ar fhoghlaim agus forbairt leanaí óga le taithí na leanaí. Tá sé mar sprioc againn chomh maith cur le taithí na leanaí óga, trí CNC/COLO bunaithe agus comhaontaithe.





## Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2004). *Towards a Framework for Early Learning*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

An Coimisiún Fiosrúcháin maidir le hÉislinn Mheabhrach (1965). *Report of the Commission of Inquiry on Mental Handicap*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2001). *Programme of Work*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2003). *Research Strategy – A Work in Progress*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2004a). *Spléachadh ar an Ardchaighdeán - Athbhreithniú ar Bheartas, Cleachtas agus Taighde Náisiúnta a bhaineann leis an Ardchaighdeán i gCúram agus Oideachas Luathóige in Éirinn 1990-2004*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2004b). *Ard-Chaighdeán Faoi Chaibidil: Tuarascáil ar Phróiseas Comharliúcháin ar Ard-Chaighdeán i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige - Achoimre Feidhmiúcháin*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2004c). *Making Connections - A*

- Review of International Policies, Practices and Research Relating to Quality in Early Childhood Care and Education.* Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.
- An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (1999). *National Childcare Strategy, Report of the Partnership 2000 Expert Working Group on Childcare.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh (2002). *Building an Inclusive Society: Review of the National Anti-Poverty Strategy, under the Programme for Prosperity and Fairness.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- An Roinn Oideachais (1948). *Revised Programme for Infants.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- An Roinn Oideachais (1971). *Primary School Curriculum: Teacher's Handbooks (2 Imleabhar).* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999a). *Ready to Learn - A White Paper on Early Childhood Education.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999b). *Primary School Curriculum.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- An Roinn Saothair (1983). *Report of the Working Group on Childcare Facilities for Working Parents.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- An Roinn Sláinte (1980). *Task Force on Child Care Services. Final Report to the Minister for Health.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- An Roinn Sláinte (1985). *Report of a Committee appointed by the Minister for Health on the Minimum Legal Requirements and Standards for Day Care Services for Children.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- An Roinn Sláinte agus Leanaí (2000). *National Children's Strategy. Our Children – Their Lives.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- Arensberg, C. agus Kimball, S. (1940). *Family and Community in Ireland.* Cambridge: Harvard University Press.
- Coimisinéirí an Oideachais Náisiúnta (1901). *68th Report of the Commissioners of National Education in Ireland for 1901.* Baile Átha Cliath: Alexander Thom and Co. (Limited).
- Coimisiún um Stádas na mBan (1972). *Report to the Minister for Finance.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.
- Dale, F. (1904). *Report of Mr. F.H. Dale, His Majesty's Inspector of Schools, Board of Education, on Primary Education in Ireland.* Baile Átha Cliath: Alexander Thom and Co. (Limited).
- Hayes, N. (2002). *Children's Rights - Whose Right? A Review of Child Policy Development in Ireland. Studies in Public Policy 9.* Baile Átha Cliath: The Policy Institute at Trinity College Dublin.
- Holland, S. (1979). *Rutland Street – The Story of an Educational Experiment of Disadvantaged Children in Dublin.* An Ríocht Aontaithe: Pergamon Press agus Bernard Van Leer Foundation.
- Kerrigan, G. (1998). *Another Country: Growing up in 1950s Ireland.* Baile Átha Cliath: Gill and MacMillan.
- Murray, C. agus O'Doherty, A. (2001). *"Éist", Respecting Diversity in Early Childhood Care, Education and Training.* Baile Átha Cliath: Pavee Point.
- Na Náisiúin Aontaithe (1989). *United Nations Convention on the Rights of the Child - Adopted by the United Nations General Assembly, 20th November 1989. (Ratified by Ireland, September 1992).* Geneva: United Nations.
- National Programme Conference (1922). *National Programme of Primary Instruction.* Dublin: Educational Company of Ireland.
- Oifig Náisiúnta Leanaí (2004). *National Play Policy – Ready, Steady, Play.* Baile Átha Cliath: Oifig Náisiúnta Leanaí.

Rialtas na hÉireann (1937). *Bunreacht na hÉireann – Constitution of Ireland*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSolatháir.

Scheper-Hughes, N. (1979). *Saints, Scholars, and Schizophrenics – Mental Illness in Rural Ireland*. Los Angeles: University of California Press.

Walsh, M. (1995). *An Irish Country Childhood- Memories of a Bygone Age*. An Bhreatain Mhór: Smith Gryphon Limited.

## **Aguisín 1 : Leabharliosta**

Féach an leagan Béarla chun an leabharliosta a fheiceáil